An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Tuarascáil Bhliantúil

2020

Clár na nÁbhar

Focal ón Aire 3
Focal ón Aire Stáit 4
Focal ón Ard-Rúnaí 5
1. Sainchúram na Roinne 6
2. Eagar na Roinne 7
3. Forléargas ar an gComhshaol 9
4. Caiteachas 2020 de réir Earnála 10
5. 2020 Mí i ndiaidh Míosa 11
6. Turasóireacht 14
7. Na hEalaíona, Cultúr & Comóradh 17
8. Foilseacháin agus na meáin leictreonacha 32
9. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht 34
10. Spórt 40
11. Na Meáin 50
12. Comhoibriú Thuaidh-Theas 54
13. Gnóthaí Corparáideacha 58
Aguisín 1: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne 64
Aguisín 2: Caiteachas 2020 65
Aguisín 3: Ráiteas Cothromaíochta Inscne do Bhoird Stáit 68

Focal ón Aire

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2020 mo Roinne.

Ba mhór an onóir dom a bheith ceaptha mar Aire Turasóireachta, Cultúir Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag an Taoiseach Mícheál Martin T.D. i mí an Mheithimh 2020.

Ag eascairt as athailíniú fhreagrachtaí na Roinne a d'fhógair an Taoiseach, thug ár Roinn na hearnálacha Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le chéile.

Is earnálacha lárnacha iad na hearnálacha seo inár sochaí, inár ngeilleagar, inár gcultúr agus inár bhféiniúlacht mar náisiún. Chomh maith le fostaíocht shuntasach a sholáthar, tá téama comhchoiteann ag na hearnálacha seo. Tá siad riachtanach dár bhfolláine choirp, shóisialta agus mheabhrach, agus do mhuintearas idir daoine. Is iad seo na hearnálacha ina dtagann daoine le chéile chun taitneamh a bhaint as am le chéile, chun páirt a ghlacadh inár gcultúr agus ár dtraidisiúin agus iad a cheiliúradh.

Bhí tionchar diúltach ag na srianta a bhaineann leis an bpaindéim ar na hearnálacha seo go léir. Le tacaíocht ón Roinn agus leis an gcruthaitheacht a bhaineann leis na hearnálacha seo, bhog go leor gníomhaíochtaí ar líne, ach mar gheall ar nádúr na n-earnálacha agus a spleáchas ar rannpháirtíocht daoine cuireadh go leor acu ina dtost.

In ainneoin na gcúinsí dúshlánacha, i rith 2020 chuamar i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara agus d'fhorbraíomar raon leathan beart chun tacú le daoine aonair, pobail agus gnóthais. Léiriú ar an obair seo ab ea é leithdháileadh méadaithe €1.082 billiún don Roinn i mBuiséad 2021.

Táim bródúil as an obair atá déanta againn chun tacú leis na hearnálacha seo a bhí i measc na ndaoine is measa buailte ag an bpaindéim chun maireachtáil an bhliain seo chugainn agus ina dhiaidh sin. Cé go raibh sé ríthábhachtach tacaíochtaí a sholáthar le linn na géarchéime, is tosaíocht í a chinntiú chomh maith gur féidir leis na hearnálacha seo leanúint ar aghaidh, téarnamh agus forbairt a dhéanamh. Chuireamar bearta agus bunchlocha tábhachtacha i bhfeidhm in 2020 chun na cláir oibre éagsúla ach barrthábhachtach a thagann faoinár sainchúram a fheabhsú. Áiríodh orthu seo tionscnaimh mar bhunú an Tascfhórsa um Gheilleagar Oíche, an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, ciste Éire Ildánach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus infheistíocht leanúnach in áiteanna turasóireachta ar fud na hÉireann agus inár bhForais Chultúir.

Clúdaítear ceann de na tréimhsí is dorcha i stair ár gcuid earnálacha sa tuarascáil seo, agus am thar a bheith dúshlánach do na hearnálacha agus don Roinn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do theacht aniar, gairmiúlacht agus dúthracht na n-earnálacha a ndéanaimid freastal orthu agus an tseirbhís phoiblí a chuir bainistíocht agus foireann na Roinne ar fáil agus iad ag tacú leis na hearnálacha i rith bliana a bhí thar a bheith deacair.

Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh lenár gcuid oibre le páirtithe leasmhara agus le foireann na Roinne agus muid ag iarraidh tacú leis na hearnálacha Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Catherine Martin T.D.
An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán

Focal ón Aire Stáit

Mar Aire Stáit le freagracht speisialta as an Spórt agus as an nGaeltacht, fáiltím roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2020 na Roinne. Léiríonn an Tuarascáil seo an méid a chuireann bainistíocht agus foireann na Roinne nuabhunaithe le tacú leis na hearnálacha sin atá faoinár sainchúram, earnálacha atá fíorthábhachtach d'fholláine dhaoine aonair agus pobal ar fud na tíre.

Tá sé de phribhléid agam oibriú leis an Aire Catherine Martin TD, foireann na Roinne, agus gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne chun na tacaíochtaí agus na beartais riachtanacha a sholáthar a chothóidh agus a fhásfaidh ár gcuid earnálacha. Ba bhliain an-dúshlánach í dár bpáirtithe leasmhara go léir agus d'oibríomar go dlúth leo chun tacaíochtaí a raibh géarghá leo a sholáthar. Ag an am céanna, chuireamar tionscnaimh thábhachtacha chun cinn maidir leis an spórt agus leis an nGaeilge, a bhaineann le níos mó ná dúshlán láithreach na paindéime.

Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair leis an Aire Martin agus le foireann na Roinne agus muid ag dul i ngleic leis an dúshlán chun tacú le téarnamh láidir earnálacha na Roinne.

Jack Chambers T.D.
An tAire Stáit don Spórt agus don Ghaeltacht

Focal ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2020 don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a sheachadadh ina dtugtar cuntas ar an dul chun cinn atá déanta ag an Roinn maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach le linn 2020.

In 2020 chuaigh an Roinn trí athruithe móra tar éis an Olltoghcháin. Mar aon le ceapadh Catherine Martin T.D. mar Aire agus Jack Chambers T.D. mar Aire Stáit, cuireadh le cúraimí na Roinne chun freagracht beartais as Turasóireacht, Spórt agus na Meáin a chuimsiú agus aistríodh amach an beartas Oidhreachta agus Oileán. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Martin, agus leis an Aire Stáit Chambers, chomh maith lenár n-iarfhoireann Aireachta, an tAire Josepha Madigan agus an tAire Seán Kyne, as a n-iarrachtaí agus a gceannaireacht sheasta le linn bliana a bhí thar a bheith dúshlánach.

Rinneadh athruithe suntasacha i measc na bainistíochta agus na foirne mar aon le athstruchtúrú na Roinne. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh chomhghleacaithe nua agus ár mbeannacht a chur chuig iar-chomhghleacaithe a d'aistrigh chuig Ranna nua.

Ba bhliain chinniúnach í 2020 don Roinn agus dá cuid earnálacha, agus chuir tionchar phaindéim COVID-19 agus srianta gaolmhara dúshláin nach bhfacthas riamh cheana roimh na hearnálacha seo ina mbíonn lucht féachana nó daoine ar an láthair de ghnáth.

Is díol mórtais dom aitheantas a thabhairt d'obair chomhghleacaithe ar fud na Roinne ar fad a d'oibrigh go dícheallach le chéile chun tacaíocht éifeachtach a sholáthar d'earnálacha agus do pháirtithe leasmhara faoin shainchúram na Roinne, agus iad ag dul i dtaithí ar a bheith ag oibriú ón mbaile mar gheall ar na srianta a tugadh isteach i mí an Mhárta.

Chinntigh solúbthacht agus tiomantas na foirne go ndearnadh athleagan amach feidhmeanna don Roinn nuabhunaithe go héifeachtúil, agus cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil ag an am céanna do na hearnálacha i dtírdhreach a bhí ag athrú.

Tar éis bhunú an Rialtais nua in 2020, comhaontaíodh Ráiteas Straitéise nua don tréimhse idir 2021 agus 2023. Táim ag tnúth lena bheith ag obair leis an Aire Martin, leis an Aire Stáit Chambers agus le comhghleacaithe ar fud na Roinne chun tacú le téarnamh na n-earnálacha faoi choimirce na Roinne, agus gealltanais an Chláir Rialtais agus Ráiteas Straitéise 2021-2023 a sheachadadh.

Katherine Licken
Ard-Rúnaí

1. Sainchúram na Roinne

Tar éis Olltoghchán mhí Feabhra 2020, bunaíodh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán i mí an Mheithimh 2020 ag tabhairt feidhmeanna le chéile a bhí laistigh de shainchúram 3 Roinn Stáit roimhe seo:

- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta,
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus
- An Roinn Gníomhaithe ar son na hAeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Mar chuid den athstruchtúrú, d'aistrigh an Roinn feidhmeanna Oidhreachta agus Oileáin faoi seach chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus chuig an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe.

Tá Turasóireacht, na hEalaíona, Cultúr, An Ghaeltacht, Spórt agus na Meáin ina ngnéithe lárnacha de shochaí na hÉireann; agus tacaíonn siad le gníomhaíocht eacnamaíoch, agus déantar folláine fhisiceach agus shochaíoch a fheabhsú. Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2021-23, a foilsíodh in 2021, fís agus cuspóir na Roinne lena chinntiú, agus muid ag tosú ag teacht amach as ráig COVID-19, go mbeidh tionscal turasóireachta ríthábhachtach againn; earnáil bríomhar ealaíon agus cultúir; earnáil dinimiciúil spóirt agus meán, agus tírdhreach inar féidir lenár dteanga agus lenár rannpháirtíocht leis an teanga leanúint ag fás agus ag bláthú. Léirítear an fhís seo i Ráiteas Misin na Roinne

Chun forbairt inbhuanaithe na Turasóireachta, na Meán agus na Gaeltachta a threorú agus rannpháirtíocht a chur chun cinn sa Chultúr, sna hEalaíona, sa Spórt agus sa Ghaeilge ag tacú le dul chun cinn sóisialta, agus fás cultúrtha agus eacnamaíoch a bhreisiú ar fud shochaí na hÉireann.

Soláthraíonn na Spriocanna Straitéiseacha, a ghlac an Roinn nua-struchtúrtha leo, creat don tuarascáil seo maidir le hobair na Roinne in 2020.

- **Sprioc A.** - Tacú le téarnamh agus fás eacnamaíoch earnáil turasóireachta iomaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na heacnamaíochta agus go sóisialta.
- **Sprioc B.** - Chun rannpháirtíocht leis agus sa chultúr agus sna healaíona ag daoine aonair agus pobail a thacú agus a fhorbairt trína saibhreofaí a saol trí ghníomhaíocht chultúir; agus ealaíona, cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain fad is a gcomhordaítear agus a dtreoraítear clár comórtha mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán.
- **Sprioc C.** - Tacú le húsáid na Gaeilge ar fud na hÉireann, san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain agus chun a húsáid a láidriú mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta.
- **Sprioc D.** - Rannpháirtíocht níos mó i spóirt ag gach duine a chur chun cinn le fócas ar leith ar rannpháirtíocht na mban agus éagsúlacht fad is a leantar ag infheistiú in áiseanna spóirt nua, lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus óstáil mórimeachtaí.
- **Sprioc E.** - Tacú le soláthar meáin tráchtála, phobail agus seirbhíse poiblí a shásaíonn riachtanais lucht féachana/éisteachta na hÉireann agus timpeallacht rialála a chur ar fáil a thacaíonn le sábháilteacht ar líne agus earnáil meán saor, iolrach agus éagsúil in Éirinn.
- **Sprioc F.** - Comhoibriú Thuaidh-Theas a chur chun cinn, laistigh de chomhthéacs Thionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais, go háirithe i gcomhthéacs obair an Fhorais Teanga agus Turasóireacht Éireann.

2. Eagar na Roinne

Tá ceithre Rannán sa Roinn, a bhfuil Ceann Rannáin ag leibhéal Rúnaí Cúnta nó Stiúrthóra, i gceannas ar gach ceann acu. Tá sé de chúram ar Stiúrthóir freisin maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh Chlár Éire Ildánach.

- Turasóireacht & Spórt,
- Na hEalaíona & Cultúr, (lena n-áirítear Clár Éire Ildánach)
- An Ghaeilge & an Ghaeltacht, agus
- Corparáideach & na Meáin

Faigheann an Roinn tacaíocht ina cuid oibre ón 20 comhlacht atá faoina coimirce, lena n-áirítear na hInstitiúidí Cultúir Náisiúnta agus na Comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí Feidhmithe Thuaidh-Theas ábhartha (féach Aguisín)

Struchtúr Eagraíochta na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meáin



Forléargas ar 2020

3. Forléargas ar an gComhshaol

Tháinig imeacht foirmiúil na RA ón Aontas Eorpach faoin mBreatimeacht i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2020 agus, cé gur mhaolaigh an CTA (Comhchomhaontú Taistil) an tionchar ar thurasóireacht agus ar thaisteal, leanann an neamhchinnteacht agus na hathruithe leathana i gcleachtais ghnó ag dul i bhfeidhm ar fud an gheilleagair. Lean an Roinn uirthi ag glacadh páirt i bhfreagra an Rialtais ar an mBreatimeacht i rith na bliana.

Bhí an Roinn faoi réir athstruchtúrú suntasach freisin tar éis gur bunaíodh Rialtas nua i mí an Mheithimh i ndiaidh Olltoghchán mhí Feabhra. Chomh maith le haistriú foirmiúil acmhainní daonna agus airgeadais idir Ranna, agus an laghdú a tháinig ar líon na foirne faoi níos lú ná a leath, ó 650 go dtí thart ar 300, méadaíodh buiséad na Roinne faoi níos mó ná a dhá oiread go €1bn.

Mar sin féin, ba í paindéim COVID-19 in Éirinn an ghné ba shuntasaí den bhliain le héifeachtaí gan fasach ar na hearnálacha sin faoi shainchúram na Roinne mar a léirítear sna tuarascálacha earnála atá san áireamh thíos. Léiríodh tionchar COVID freisin i struchtúir agus i nósanna imeachta na Roinne. Mar fhreagra ar an bpaindéim rinne an Roinn Aonad Tacaíochta COVID-tiomnaithe a bhunú chun gach gné den obair seo a chomhordú, comhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara, rannpháirtíocht i bhforbairt reachtaíochta, forbairt agus cur i bhfeidhm freagraí beartais earnála chomh maith le tacaíocht a sholáthar do na hinstitiúidí cultúrtha náisiúnta agus do chomhlachtaí eile faoi shainchúram na Roinne.

Cuireadh de chúram ar Rannán Gnóthaí Corparáideacha na Roinne, a chuimsíonn aonaid TFC, AD, Airgeadais & Cuntais, Cumarsáid agus Seirbhísí Oifige, tacaíochtaí a fhorbairt don fhoireann, a raibh orthu dul i dtaithí ar chianobair ón mbaile de réir threoirlínte sláinte poiblí. Baineadh amach an t-oiriúnú don tsamhail oibre seo go rathúil rud a d'éascaigh leanúnachas gnó a bhuíochas d'iarrachtaí na foirne ar fud gach earnáil sa Roinn.

4. Caiteachas 2020 de réir Earnála

D'ainneoin an méid a chuir an phaindéim isteach ar chúrsaí, lean an Roinn ag déanamh dul chun cinn lena clár oibre i rith na bliana ag tabhairt faoi chaiteachas thart ar €927m ar fud na n-earnálacha go léir





Áirítear leis an gcaiteachas reatha tuarastail do na Gníomhaireachtaí agus na Comhlachtaí faoi shainchúram na Roinne

5. 2020 Mí i ndiaidh Míosa

Mí	
Eanáir	**Fógraíodh** na chéad deontais faoin **gCiste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála**: Leithdháileadh €82.4m ar 32 tionscadal.
Feabhra	Go luath i mí Feabhra seoladh Gaillimh 2020 mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa in Éirinn in 2020.
Márta	Dúnadh oifigí agus Institiúidí Cultúir don phobal de réir chomhairle sláinte poiblí COVID-19 Bunaíodh Grúpa Monatóireachta Spóirt COVID-19
Aibreán	**Seoladh Acmhainní Cultúir Ar Líne** ag obair le príomhpháirtithe leasmhara - na hInstitiúidí Cultúir Náisiúnta, an Chomhairle Ealaíon, Fís Éireann, RTÉ agus TG4 - chun tacú le healaíontóirí agus oibrithe cultúir eile le tionscnaimh nua, mar shampla: • Ciste Ealaíontóirí COVID-19 na Comhairle Ealaíon • Meaitseálann Cultúr Éireann maoiniú €100k le Facebook Ireland chun saothar ealaíontóirí a thaispeáint ar líne • i gcomhpháirtíocht le RTÉ, TG4 agus daoine eile chun raon ábhar cultúir, oidhreachta agus teanga a chur i láthair an phobail i gcomhpháirtíocht le Druid, Other Voices Eile agus eile
Bealtaine	Ceapadh **Tascfhórsa Téarnaimh na Turasóireachta** i mí Bealtaine 2020 chun Plean Téarnaimh Turasóireachta a ullmhú chun tacú leis an earnáil oiriúnú don timpeallacht athraithe turasóireachta mar thoradh ar ghéarchéim COVID. Fógraíodh go mbunófaí Sainghrúpa chun treoir a sholáthar do chomhlachtaí spóirt na hÉireann chun ullmhú don fhilleadh céimnithe ar ghníomhaíocht spóirt. Fógraíonn an tAire Stáit Kyne tacaíochtaí éigeandála €4.7m d'earnáil na gcoláistí samhraidh i nGaeltachtaí na hÉireann.
Meitheamh	**Cruinniú na nÓg 2020**, lá náisiúnta na cruthaitheachta saor in aisce do leanaí, do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh, dírithe ar fhormáid seachadta ar líne le níos mó ná 500 imeacht go mór mór i measc an diaspóra idirnáisiúnta i 54 tír ar fud 6 mhór-roinn.
Iúil	D'fhógair an **Tascfhórsa don Gheilleagar Oíche** go dtabharfaí raon Ranna, gníomhaireachtaí agus grúpaí le chéile chun cultúr agus geilleagar beoga agus inbhuanaithe san oíche a chur chun cinn agus a fhorbairt. Chuir **Spreagadh Poist mhí Iúil** deontais agus tacaíochtaí i láthair do na hearnálacha sin faoi shainchúram na Roinne lena n-áirítear an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta; €300m breise don Scéim Deontais ReStart do ghnólachtaí turasóireachta; clár Fan agus Caith a fógraíodh chun caiteachas turasóireachta a spreagadh; agus maoiniú don earnáil closamhairc agus don Chiste Cultúir.
Lúnasa	Tugadh isteach **Ciste Oiriúnaithe COVID-19** le luach €26m chun tacú le gnóthais turasóireachta na costais bhreise a bhaineann le timpeallacht shábháilte a sholáthar do chuairteoirí a íoc.

Bronnadh €1m eile ar phríomheagraíochtaí cultúir lena n-áirítear Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Músaem Hunt, Leabharlann an Ardeaspaig Marsh, an Músaem Priontála Náisiúnta agus Músaem Bád Eitilte & Muirí Foynes.

Fógraíodh **Ciste nua Rannpháirtíochta Lucht Spéise le maoiniú €2m** do mhúsaeim bheaga, réigiúnacha agus speisialaithe.

Meán Fómhair

Shocraigh an Rialtas téarmaí tagartha agus ballraíochta an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán, a bheidh an tOllamh Brian MacCraith, Iar-Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ina chathaoirleach air.

Cheap an tAire Martin an **Tascfhórsa Aisghabhála Ealaíon & Cultúir** chun moltaí a ullmhú maidir leis an mbealach is fearr is féidir le hearnáil na n-ealaíon agus an chultúir oiriúnú agus teacht ar ais ó thionchar COVID-19.

Cuireadh Plean Aisghabhála Turasóireachta 2020 - 2023 faoi bhráid an Aire Martin

Mar chuid de **Sheachtain Eorpach an Spóirt,** reáchtáladh 535 imeacht go náisiúnta i rith na seachtaine dár tús 23 Meán Fómhair lena n-áirítear #BeActive Paddle Day, Lá Náisiúnta Siúil, agus Lá Spóirt Scoile na hEorpa.

Deireadh Fómhair

Treoir eisithe don Earnáil Spóirt ón Sainghrúpa **Return to Sport**

Bhí raon beart san áireamh i m**Buiséad 2021**

- Tacaíocht €50m le haghaidh siamsaíocht bheo
- Ciste tacaíochta €55m do ghnólachtaí straitéiseacha turasóireachta
- Laghdú CBL go 9% don Turasóireacht.
- Thairg an Scéim Tacaíochta um Shrianta COVID (CRSS) aisíocaíochtaí suas le €5,000 sa tseachtain do ghnólachtaí fáilteachais, cóiríochta agus ealaíon a ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm orthu.
- €130m don Chomhairle Ealaíon - an leibhéal is airde maoiniú riamh
- Leithdháileadh maoinithe os cionn €78m le haghaidh earnálacha na Gaeltachta agus na Gaeilge, ardú €14.8m ar an leithdháileadh tosaigh sa bhliain 2020
- Maoiniú suas le €40.733m do TG4

Samhain

Foilsíodh **"LIFE WORTH LIVING",** Tuarascáil an Tascfhórsa um Aisghabháil Ealaíon agus Cultúir.

Fógraíodh €0.896m do 184 ceoltóir/banna ceoil a dámhadh faoi **Phacáiste Spreagtha Thionscal an Cheoil (MISP).**

D'fhógair an tAire Martin €5m faoi **scéim phíolótach Tacaíochta Feidhmíochta Beo** do 58 fhaighteoir chun cabhrú le hionaid tráchtála, táirgeoirí agus tionscnóirí taibhithe beo a phleanáil.

Nollaig

Bunaíodh **Grúpa Maoirseachta Téarnaimh** don earnáil turasóireachta.

Fógraíodh tacaíochtaí breise airgeadais le luach €4.9m don earnáil craolacháin atá dírithe ar raidió neamhspleách, go háirithe raidió áitiúil agus réigiúnach, agus cláir a tháirgeadh a thacaíonn le hearnáil an cheoil bheo.

Turasóireacht

Sprioc A.

Tacú le haisghabháil agus fás eacnamaíoch earnáil turasóireachta iomaíoch atá inbhuanaithe i dtaobh an chomhshaoil, na heacnamaíochta agus go sóisialta.

6. Turasóireacht



Forléargas

Bhí tionchar mór ag COVID-19 ar thurasóireacht dhomhanda ar fud na cruinne le hiarmhairtí láithreacha agus gan fasach d'earnáil turasóireachta agus fáilteachais na hÉireann.

Ceapadh **Tascfhórsa Téarnaimh na Turasóireachta** i mí Bealtaine 2020 chun Plean Téarnaimh Turasóireachta a ullmhú a thacódh leis an earnáil oiriúnú don timpeallacht turasóireachta athraithe mar thoradh ar ghéarchéim COVID. Cuireadh an plean Téarnaimh Turasóireachta 2020-23 faoi bhráid an Aire Martin i mí Mheán Fómhair agus fógraíodh gur bunaíodh **Grúpa Maoirseachta Téarnaimh** le haghaidh earnáil na turasóireachta i mí na Nollag.

Tugadh sraith tionscnamh isteach i rith na bliana chun tacú leis an earnáil. I mí Lúnasa 2020, soláthraíodh Ciste Oiriúnaithe COVID-19 le luach €26m freisin d'earnáil na turasóireachta chun a n-áitribh a oiriúnú agus riachtanais sábháilteachta COVID-19 a chomhlíonadh.

Sa ráithe dheireanach de 2020, tugadh isteach dhá chiste ar leith le luach €10 milliún an ceann d'Oibreoirí Turasóireachta Cóitseála agus do Ghníomhairí Isteach Éireann-Bhunaithe. Le linn na tréimhse sin, seoladh an Deontas Atosaithe Móide le luach €8m le haghaidh B&Banna, arna mhaoiniú ag an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta agus arna riar ag Fáilte Ireland; bhí sé seo oscailte do B&Banna, lena n-áirítear iad siúd nach n-íocann rátaí le hÚdaráis Áitiúla. Soláthraíodh maoiniú €5 mhilliún freisin le haghaidh oiliúint dhírithe ar cur le scileanna chun tacú le maireachtáil agus téarnamh gnó san earnáil, agus chun láithreacht dhigiteach agus cumas ríomhthráchtála na ngnólachtaí turasóireachta a fheabhsú. Bhí gnólachtaí turasóireachta agus a gcuid fostaithe in ann leas a bhaint as tacaíochtaí cothrománacha arna gceadú ag an Rialtas cosúil leis an Scéim Tacaíochta um Shrianta COVID, an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta agus an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime.

Aithníodh na deacrachtaí a bhí ag an earnáil i mBuiséad 2021, áit ar leithdháil an Rialtas an leibhéal maoinithe is airde riamh, díreach faoi bhun €221m don turasóireacht rud a thug deis don Aire Martin sraith beart a thabhairt isteach a bhí dírithe go sonrach ar chúnamh a thabhairt d'earnáil na turasóireachta, lena n-áirítear Scéim Leanúnachais Gnó Turasóireachta le luach €55m arna riaradh ag Fáilte Ireland, chun cabhrú le gnóthais straitéiseacha turasóireachta maireachtáil tríd an bpaindéim agus athshlánú a spreagadh. Is í aidhm na Scéime ná cur le costais sheasta na ngnóthas turasóireachta aitheanta nach raibh incháilithe don Scéim Tacaíochta um Shrianta COVID (CRSS) d'fhonn tacú leo maireachtáil.

Lean **Fáilte Ireland** ar aghaidh ag forbairt **brandaí taithí turasóireachta bhunaithe**, trí infheistíocht chaipitil spriocdhírithe i nithe is díol spéise agus i mbonneagar turasóireachta eile agus trí thacaíochtaí cláir atá dírithe ar na brandaí seo a fheabhsú, a bheochan agus a chur chun cinn, lena n-áirítear tacaíochtaí gnó agus oiliúint. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm srianta sláinte poiblí cuireadh stop sealadach le gníomhaíocht tógála agus cuireadh moill ar fhorbairt cuid de na **tionscadail caipitil turasóireachta** a bhí maoinithe ag Fáilte Ireland. Mar gheall ar an bpaindéim tháinig laghdú suntasach freisin ar líon na gcuairteoirí idirnáisiúnta go hÉirinn chomh maith le srianta maidir le cruinnithe sóisialta, rud a chiallaigh gur tháinig laghdú mór ar ioncam ó nithe is díol spéise do chuairteoirí. Ag teacht le *Treochlár Athoscailte* an Rialtais, rinne Fáilte Ireland infheistíocht i roinnt **feachtais margaíochta baile** sa dara leath den bhliain mar chuid den fhreagra ar COVID-19 agus chun áirithintí a spreagadh le haghaidh sosanna gearra agus laethanta saoire in Éirinn in 2020.

Dhéileáil Turasóireacht Éireann le titim na turasóireachta idirnáisiúnta ach a n-iarrachtaí margaíochta thar lear a dhíriú ar ghníomhaíochtaí ar líne trí na meáin shóisialta agus poiblíocht chun tomhaltóirí a mhealladh le ábhar ***#FillYourHeartWithIreland*** de chuid Turasóireacht Éireann, d'fhonn oileán na hÉireann a choinneáil in intinn daoine, agus cuireadh siar gach gníomhaíocht margaíochta íoctha. Thug Turasóireacht Éireann faoi chlár fairsing taighde COVID-19 sna mórmhargaí - chun a aithint cathain a bheidh tomhaltóirí réidh le saoire a phlé arís agus cé acu de na margaí a thairgeann na hionchais ghearrthéarmacha is fearr dúinn. Cinnteoidh na torthaí a gheofar go bhfuil plean bolscaireachta Thurasóireacht Éireann chomh spriocdhírithe agus chomh spreagúil agus is féidir - d'fhonn téarnamh láidir don turasóireacht a spreagadh i dtreo oileán na hÉireann chomh tapa agus is féidir é a bhaint amach.

Na hEalaíona, Cultúr & Comóradh

Sprioc B.

Chun rannpháirtíocht leis agus sa chultúr agus sna healaíona ag daoine aonair agus pobail a thacú agus a fhorbairt trína saibhreofaí a saol trí ghníomhaíocht chultúir; agus ealaíona, cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain fad is a gcomhordaítear agus a dtreoraítear clár comórtha mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán.

7. Na hEalaíona, Cultúr & Comóradh

Caiteachas de réir príomhréimse caiteachais, 2020



Forléargas

Cuireadh isteach go mór ar na hearnálacha Ealaíon agus Cultúir mar gheall ar ráig COVID-19. Ina theannta sin, d'fhorbair agus thug an Roinn tacaíochtaí don earnáil siamsaíochta beo tráchtála den chéad uair. Caitheadh €175m chun tacú leis an earnáil le linn na paindéime agus chun cuspóirí straitéiseacha na rannpháirtíochta cultúir sna healaíona a chur chun cinn, cruthaitheacht a spreagadh ar fud an stáit agus cultúr na hÉireann agus na healaíona a chur chun cinn thar lear (féach an figiúr).

Tugadh faoi thionscnaimh éagsúla i rith na bliana chun na tionchair seo ar ealaíontóirí agus lucht spéise araon a mhaolú. Tugtar breac-chuntas thíos ar na tionscnaimh seo, a raibh baint ag go leor acu le Clár Éire Ildánach.

I mí Mheán Fómhair cheap an tAire Martin an **Tascfhórsa um Aisghabháil Ealaíon agus Cultúir,** faoi chathaoirleacht Clare Duignan, chun moltaí a ullmhú maidir leis an mbealach is fearr is féidir le hearnáil na n-ealaíon agus an chultúir oiriúnú agus teacht ar ais ó thionchar COVID-19.

Le linn 2020, soláthraíodh tacaíocht do réimsí straitéiseacha na hearnála cultúir.

Straitéis 1: **Cultúr 2025 agus Clár Éire Ildánach a Chur i bhFeidhm**
Cur i bhfeidhm an bheartais 'Cultúr 2025' agus Chlár Éire Ildánach 2017-2022 agus cláir chuimhneacháin leanúnacha i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla

Cultúr 2025

I mí Eanáir 2020, d'fhoilsigh an tAire Madigan *Cultúr 2025 - Creat Náisiúnta um Beartas Cultúrtha go 2025.* Socraíonn Cultúr 2025 an treo do bheartas an Rialtais ar fud na hearnála cultúrtha, lena n-áirítear na healaíona, an Ghaeilge agus na hearnálacha cruthaitheacha, oidhreachta, cultúir agus closamhairc.

Cuid lárnach de Chultúr 2025 is ea aitheantas do luach an chultúir agus na cruthaitheachta don duine aonair agus don tsochaí, an gá atá le tacú le cleachtas cruthaitheach agus rannpháirtíocht chultúir agus tiomantas chun oidhreacht chultúir na hÉireann a chothú.

Tá aidhmeanna Chultúr 2025 á gcur chun cinn cheana féin trí thionscnaimh reatha Rialtais lena n-áirítear Clár Éire Ildánach, an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, Éire Dhomhanda 2025 agus an Plean Gníomhaíochta Closamhairc. Faigheann sé tacaíocht freisin ón infheistíocht chaipitil €1.2bn do chultúr, oidhreacht agus an Ghaeltacht trí Thionscadal Éireann 2040.

I measc na bpríomhghníomhartha atá i gCultúr 2025 tá:

- Rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú agus ár dtionscail chruthaitheacha a threisiú
- Ag obair i gcomhar le chéile chun acmhainn chruthaitheach gach linbh agus duine óig a chumasú
- Infheistiú inár gceantair Ghaeltachta agus tacú leis an nGaeilge
- Tacú le cultúr traidisiúnta agus aitheantas domhanda a fháil do thraidisiúin chultúir uathúla na hÉireann
- Mar thaca le Cultúr 2025 tá tiomantas athnuaite ón Rialtas chun méid an mhaoinithe phoiblí do na healaíona agus don chultúr a dhúbailt ó leibhéil 2017 faoi 2025, ó € 288m go € 576m.

An Chomhairle Ealaíon

Fuair an Chomhairle Ealaíon maoiniú iomlán €107m in 2020. Bhí an méadú sa maoiniú a fuair an Chomhairle dírithe go príomha ar chaidrimh leanúnacha le heagraíochtaí ealaíon gairmiúla agus le healaíontóirí cleachtacha gairmiúla trí chláir mhaoinithe, Maoiniú Straitéiseach agus Maoiniú Deontas Ealaíon. I mí Márta ceapadh Maureen Kennelly ina Stiúrthóir nua ar an gComhairle Ealaíon.

Bhí dúshláin shuntasacha ag baint le paindéim COVID-19. Bhí rannpháirtíocht leanúnach agus threisithe ón gComhairle Ealaíon le páirtithe leasmhara i rith na bliana chun na dúshláin phráinneacha a bhí roimh earnáil na n-ealaíon agus an chultúir a thuiscint agus a thomhas.

Cheap an Chomhairle Ealaíon Sainghrúpa Comhairleach chun freagairt don ghéarchéim d'earnáil na n-ealaíon in Éirinn. Soláthraíonn agus soláthróidh a dtuarascáil dár teideal *Survive, Adapt, Renew* treoir luachmhar ar an mbealach chun cinn.

I mí Lúnasa cuireadh maoiniú breise €25m ar fáil chun cabhrú earnáil na n-ealaíon agus an chultúir a chobhsú i gcomhthéacs na ndúshlán a d'eascair as COVID-19. Leithdháileadh €1.9m breise ar an gComhairle san fhómhar, rud a fhágann gurb €106.9m an t-iomlán don bhliain chun cabhrú le tionchair COVID-19 ar na healaíona a mhaolú.

Foilsíodh treoir maidir leis na prótacail COVID-19 is nuashonraithe ó thaobh na hearnála cultúir go déanach i mí Lúnasa. I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhógair an tAire Martin bunú Tascfhórsa um Aisghabháil Ealaíon agus Cultúir faoi Chathaoirleach Clare Duignan ón gComhairle Ealaíon a bhfuil ionadaíocht aici ar an Tascfhórsa. Foilsíodh tuarascáil de chuid an tascfhórsa dar teideal *Life Worth Living* i mí na Samhna agus bhí moltaí ann, chun cabhrú le hearnáil na n-ealaíon agus an chultúir maireachtáil le linn COVID-19 agus ina dhiaidh sin, faoi thrí théama: téarnamh a chinntiú; athléimneacht a thógáil; agus ag tabhairt aghaidh chun cinn.

Straitéis 2: **Féachaint chuige go seasfaidh ár mbailiúcháin náisiúnta an aimsir sa todhchaí**
Féachaint chuige go seasfaidh ár mbailiúcháin náisiúnta an aimsir sa todhchaí chun a chinntiú go mbeidh siad ar fáil do na glúine atá le teacht

Infheistiú inár gCultúr, Teanga agus Oidhreacht, 2018-2027

Samhlaítear i bPlean an Rialtais Infheistiú inár gCultúr, Teanga agus Oidhreacht, 2018-2027 a foilsíodh in 2018, méadú suntasach ar infheistíocht sna hInstitiúidí Náisiúnta Cultúir chun saoráidí a athchóiriú agus a nuachóiriú i dtéarmaí eispéireas cuairteoirí agus stóráil ár mbailiúchán náisiúnta - ceann de na tiomantais aonair is mó maidir le hinfheistíocht inár n-institiúidí cultúir i stair an Stáit.

In ainneoin drochthionchar phaindéim COVID-19, rinneadh dul chun cinn suntasach i roinnt tionscadal agus tá achoimre maidir leo thíos:

An Chartlann Náisiúnta

Le tionscadal Stór na Cartlainne Náisiúnta athrófar an trádstóras ar chúl an phríomhfhoirgnimh ar Shráid an Easpaig ina stór sábháilte a bheidh á rialú ó thaobh na timpeallachta de agus a chomhlíonfaidh na caighdeáin stórála a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus a sholáthróidh méadú dhá thrian ar acmhainn stórála iomlán na Cartlainne Náisiúnta. Meastar go gcríochnófar an tionscadal seo in 2023. Chuir OPW an próiseas tairisceana don tionscadal i gcrích le linn 2020.

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Le Céim a hAon d'athfhorbairt Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) tugtha chun críche in 2019, cuimsíonn an dara céim den tionscadal, atá ar bun anois, oibreacha imscrúdaithe i gCliathán Thiar na Leabharlainne chomh maith le deisiúcháin agus uasghrádú riachtanach ar chreatlach an foirgnimh.

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Tá tús á chur le hoibreacha do Chéim 4a in 2021, a chuimsíonn obair fheabhais sláinte agus sábháilteachta ar oifigí an Ghailearaí ar 88-90 Cearnóg Mhuirfean. Meastar go mbeidh Céim 4a críochnaithe faoi dheireadh 2024.

Gailearaí Crawford

I mí Mheán Fómhair 2020, d'fhógair an tAire gur cheadaigh sí an réamhchás gnó do thionscadal athfhorbartha Ghailearaí Ealaíne Crawford mar aon le leithdháileadh €3.32 milliún chun na costais a bhaineann leis an gcéad chéim eile den fhorbairt a chlúdach. Ina dhiaidh sin, Dé hAoine an 23 Iúil 2021, d'fhógair an Taoiseach, Micheál Martin TD agus an tAire gur bronnadh an conradh don dearadh maidir le athfhorbairt Ghailearaí stairiúil Ealaíne Crawford ar Grafton Architects. Déantar foráil sa phlean d'athfhorbairt ar fhoirgneamh an ghailearaí, atá 200 bliain d'aois, sna ceithre bliana amach romhainn.

Straitéis 3: Na hearnálacha Closamhairc

Na deiseanna a leathnú d'earnálacha closamhairc na hÉireann

Sa Phlean Gníomhaíochta Closamhairc (plean AV), a seoladh in 2018, leagtar amach tosaíochtaí straitéiseacha ardleibhéil an Rialtais thar thréimhse deich mbliana chun earnáil léiriúcháin agus closamhairc beoga a fhorbairt, ag tabhairt deiseanna eacnamaíocha nua ar fud na hÉireann, le méadú ar thacaíocht ón Rialtais.

Tháinig athruithe ollmhóra ar an earnáil thar oíche de bharr na mbeart sláinte poiblí a tugadh isteach i mí Márta 2020. Dúnadh an earnáil neamhspleách léiriúcháin scannáin agus cuireadh léiriúcháin nua ar fionraí le cailliúint ghaolmhar oibre dóibh siúd a bhí rannpháirteach sna léiriúcháin sin. Bhí tionchar aige seo freisin ar obair iarléiriúcháin. Mar gheall ar nádúr na hearnála, bhí beochan in ann oiriúnú go tapa don chianobair agus leanúint dá oibríochtaí den chuid is mó, cé go raibh dúshláin nua ann. Fógraíodh roinnt tionscnamh a chuireann príomhspriocanna chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta agus tacaíonn céimeanna a glacadh in 2020 go láidir le marthanas an tionscail, a théarnamh sa dara leath de 2020 agus a inbhuanaitheacht sa todhchaí.

Mar fhreagairt luath ar an ngéarchéim, cheap Fís Éireann raon leathan beart COVID-19 a cuireadh i bhfeidhm go tapa agus a dearadh chun tacú le riachtanais éagsúla atá ag teacht chun cinn san earnáil. Agus an léiriúchán ina stad, díríodh ar fhorbairt tionscadail a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh go cianda. Chuir *Screen Skills Ireland* oiliúint ar fáil le haghaidh Oifigeach um Fhilleadh ar Obair agus Comhlíonadh COVID-19 chomh maith leis na cúrsaí eile a aistríodh ar líne. Bhí freagra gan fasach ann maidir le daoine ag baint leas as uasoiliúint agus deiseanna forbartha.

Mar chuid de Phacáiste Spreagtha Post mhí Iúil an Rialtais, fuair Fís Éireann €3m breise chun gníomhaíocht léiriúcháin ar mhórscála a spreagadh agus chun tacú le hinfheistíocht i léiriúchán drámaíochta teilifíse. Fuarthas maoiniú €2m breise freisin don Chiste Fuaime agus Físe

Tá deacrachtaí thar a bheith suntasach ag baint le hárachas léiriúcháin do rioscaí a bhaineann le COVID-19. Mar gheall go raibh eisiamh i bhfeidhm, bheadh dúshláin bhreise roimh an earnáil gníomhaíochta beo dúchasaí agus iad ag filleadh ar an léiriúchán. Thug Fís Éireann ciste leanúnach píolótach léiriúcháin isteach don earnáil le leithdháileadh €5m mar chuid de Spreagadh mhí Iúil agus chuidigh sé le roinnt tionscadal dúchasach tús a chur leis an obair léirithe arís agus í a chríochnú.

I measc na bpríomhfhorbairtí eile bhí síneadh a chur le hArdú Réigiúnach um Fhorbairt Scannán atá mar chuid de chreidmheas cánach alt 481 faoi bhliain bhreise a thugann deis do chuideachtaí a raibh moilleanna orthu ó thaobh léiriúcháin in 2020 leas a bhaint as an bhfaoiseamh do thionscadail ag 5% agus an fógra sa Bhuiséad 2021 go gcuirfear tús leis an obair chun tionscnamh cánach a fhorbairt don earnáil cluichíochta digití, d'fhonn tacú le gníomhaíocht cháilitheach ó Eanáir 2022.

Straitéis 4: Ag tacú le tairiscint chultúir ar ardchaighdeán

Ag tacú lenár ngníomhaireachtaí agus lenár nInstitiúidí Náisiúnta Cultúir tairiscint chultúir ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal

Ard-Mhúsaem na hÉireann

Le linn thréimhsí na dianghlasála de bharr COVID-19, choinnigh an NMI teagmháil lena lucht spéise le clár ábhar ar líne agus beo-shruthaithe chun a chinntiú go bhfanfadh an Músaem ábhartha ó thaobh eispéireas na ndaoine. Chuidigh tionscadail ar nós Machnaimh ar Athléimneacht, Músaem sa Bhaile, Músaem sa Seomra Ranga, Nuachtlitir NMI, Suíomh Gréasáin nuashonraithe agus taispeántais/gailearaithe ar líne (m.sh. Cogaí na hÉireann, 1919-23 agus Gleann Dá Loch: Turas, Urnaí agus Neart) leis an teagmháil leanúnach seo.

An Chartlann Náisiúnta

Le linn 2020, chuir an Chartlann Náisiúnta cuid mhór dá seirbhísí poiblí ar fáil go digiteach, lena n-áirítear seimineáir, cainteanna agus imeachtaí chomh maith leis an obair oideachais agus for-rochtana. Cuireadh béim níos fearr ar dhigitiú na bpríomhbhailiúchán i dtéarmaí tairiscint do chuairteoirí chomh maith lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, mar shampla na haistrithe 30 bliain a eisíodh le taispeántas ar líne. Bhog an tseirbhís ghinealais go heisiach ar líne, samhail a leanfaidh ar aghaidh sa todhchaí i bhfianaise an raon níos mó go hidirnáisiúnta.

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI)

De bharr shrianta COVID-19 rinne Leabharlann Náisiúnta na hÉireann maoirseacht ar athrú radacach i seachadadh a lán de sheirbhísí an NLI i bhformáidí nua agus feabhsaithe ar líne.

Tá sé mar aidhm ag Píolótaí Digiteacha NLI leathnú a dhéanamh ar na bealaí a bhailíonn agus a sholáthraíonn NLI scéal na hÉireann ‘a cruthaíodh go digiteach’, ag cur ar a cumas ábhar cosúil le físeáin, cáipéisí digiteacha agus íomhánna digiteacha a bheith mar chuid de na bailiúcháin náisiúnta. I mí Feabhra 2020, d’fhógair an NLI go mbeadh “Yes Equality” - an eagraíocht a bhí i gceannas ar an bhfeachtas ar fud na tíre chun vóta ‘Tá’ a fháil sa reifreann ar chomhionannas pósta i mBealtaine 2015 - mar an rannpháirtí is déanaí ina thionscadal ‘Píolótaí Digiteacha’.

Mar chuid de chlár cartlainne gréasáin NLI, thosaigh an NLI ag bailiú suíomhanna gréasáin freisin a insíonn scéal phaindéim COVID-19 in Éirinn. I measc na suíomhanna idirlín a chuirfear i gcartlann tá cinn a dhéanann taifeadadh ar na hiarrachtaí móra ar fud an Rialtais, na hearnála sláinte agus shochaí na hÉireann chun dul i ngleic leis an bpaindéim.

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Rinne tionchar COVID-19 laghdú mór ar chlár Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann do 2020. I measc na dtaispeántas suntasach bhí saothair le Murillo, George Wallace agus taispeántais choimeádaithe ar líne ar an Irish Horse agus ócáid mhór ar shaothair Piet Mondrian, duine de na healaíontóirí is mó tionchair sa bhfichiú haois. Bogadh imeachtaí foghlama agus rannpháirtíochta ar líne den chuid is mó agus shroich siad lucht féachana os cionn 697,000, ag léiriú méadú beagnach ceithre huaire ar 2019. Ina theannta sin, d'ardaigh amas láithreán gréasáin ó bheagnach 1.5m in 2019 go beagnach 1.7m in 2020 agus tháinig méadú os cionn 14% ar láithreacht na meán sóisialta. In ainneoin na srianta, chuir an Gailearaí fáilte roimh os cionn 130,000 cuairteoir in 2020, go sábháilte agus de réir threoirlínte COVID-19.

Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Le linn 2020, in ainneoin na dianghlasála, chuir IMMA clár leathan taispeántas ar fáil, ina raibh ealaíontóirí idirnáisiúnta agus Éireannacha páirteach. Buaicphointe ar leith ab ea an taispeántas '*Paula Rego, Obedience and Defiance* ' a bhí le críochnú i mí Eanáir 2021 ach a ndearnadh síneadh a chur leis mar gheall ar COVID-19.

Le linn na bliana thóg an IMMA 'Pailliún don Phobail' ar a thailte le haghaidh imeachtaí taobh amuigh a raibh an-tóir orthu. I mí Dheireadh Fómhair d'óstáil IMMA léiriú an-rathúil ar léiriúchán nua den dán eipiciúil de chuid Patrick Kavanagh *The Great Hunger* le hamharclann na Mainistreach ar thailte an IMMA.

Choinnigh IMMA teagmháil lena phríomhpháirtithe leasmhara le linn dhianghlasáil COVID-19 ag seachadadh gníomhaíochtaí trí ardáin ar líne. D'aistrigh Art & Ageing a clár ar líne do dhaoine scothaosta is mó a ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm orthu agus a raibh orthu cocúnú a dhéanamh ina dtithe príobháideacha agus/nó Altranais.

Faoin scéim Cruthaitheacht do Dhaoine Scothaosta, chuaigh Clár Éire Ildánach i gcomhpháirtíocht le IMMA chun rochtain ar chruthaitheacht do shaoránaigh aosta a fheabhsú le linn tréimhse leithlisithe trí: *Slow-looking IMMA Collection Videos, Armchair Azure*, agus *Collection Conversations Resource Packs.*

An Ceoláras Náisiúnta (NCH)

Le linn dhianghlasáil COVID-19, chuir an NCH sraith ceolchoirmeacha sruthú beo ar fáil ón halla a raibh an-tóir orthu. Lean an NCH ag freastal ar ghrúpaí éagsúla le sraith gníomhaíochtaí ar líne. Áiríodh leis seo daoine le breoiteachtaí fadtéarmacha agus grúpaí a fhreastalaíonn ar dhaoine le riachtanais speisialta oideachais.

Leabharlann Chester Beatty

Lean an Leabharlann ag freastal ar a lucht spéise le *Chester Beatty Online* le linn dhianghlasáil COVID-19. Thug sé seo deis do chuairteoirí ar an suíomh turas fíorúil 3T a thabhairt ar an Leabharlann, cuairt a thabhairt ar na bailiúcháin dhigiteacha agus iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní foghlama do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí. Reáchtáladh an taispeántas *'Siam – through the lens of John Thomson 1865 – 1866'* ó mhí Feabhra 2020 go Nollaig 2020, agus cuireadh turas fíorúil den taispeántas seo ar fáil ar líne freisin.

Sheol an Chester Beatty clár an Mhúsaeim Idirchultúrtha do scoileanna in 2020 ón gCiste Náisiúnta Cruthaitheachta de chuid Chlár Éire Ildánach. Dearadh turais scoile nua chun taiscéalaíocht agus tuiscint a chur chun cinn, ag úsáid príomhthéamaí a spreag bailiúcháin urghnácha Chester Beatty.

Gailearaí Ealaíne Crawford

Le linn 2020 lean Crawford ag freastal ar a lucht spéise le sraith taispeántas ar líne lena n-áirítear *'Citizen Nowhere ¦ Citizen Somewhere: The Imagined Nation'* a dhírigh ar oidhreacht idirnáisiúnta stailc ocrais agus bás Terence MacSwiney agus *'In Transit'* taispeántas grianghrafadóireachta agus scannánaíochta a dhírigh ar thaithí na ndaoine a mhaireann idir cultúir éagsúla. D'fhorbair an Crawford roinnt tionscnamh nua ar líne freisin chun a chinntiú go leanfaí leis an gclár for-rochtana Oideachais agus Pobail. Forbraíodh comhpháirtíochtaí nua freisin le hionaid Soláthair Dhírigh agus le grúpaí gníomhacha lucht scoir.

Banc na hÉireann Ionad Cultúir agus Oidhreachta

Seamus Heaney: Tá an taispeántas *Listen Now Again* de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoi shaol agus obair Seamus Heaney, lonnaithe san Ionad Cultúir agus Oidhreachta i mBanc na hÉireann, Faiche an Choláiste. Bhí an t-ionad an-ghnóthach le linn na chéad ráithe in 2020 le breis agus 15,000 cuairteoir ag glacadh páirt in imeachtaí agus turais threoraithe. Fuair an taispeántas aitheantas idirnáisiúnta freisin nuair a bhronn Chicago Athenaeum Museum of Architecture & Design Gradam Dea-Dhearaidh iomráiteach air. Nuair a dúnadh an taispeántas don phobal i mí Márta, aistríodh imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar líne.

Straitéis 5: Ról na n-údarás áitiúil a fheabhsú

Ról na n-údarás áitiúil a fheabhsú maidir le seirbhísí ealaíon agus cultúir agus comórtha a sholáthar

Déanann Clár Éire Ildánach pobail áitiúla cruthaitheacha a spreagadh leis an tionscnamh **Pobail Ildánacha** chun tacú le folláine, comhtháthú sóisialta agus forbairt eacnamaíoch. Le linn 2020, mhéadaigh maoiniú ón Roinn go dtí €4.95 milliún do na húdaráis áitiúla chun leanúint ar aghaidh ag tacú le cur i bhfeidhm a b**Pleananna Cultúir agus Cruthaitheachta** 5-bliana agus freagra

cruthaitheach a sholáthar maidir le COVID-19. Méadaíodh é seo le €1 milliún ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Le chéile, thacaigh an maoiniú seo le thart ar 850 tionscadal trasearnála faoi stiúir an phobail in 2020 a chuimsigh oidhreacht, an Ghaeilge, na healaíona, ailtireacht, dearadh, gastranómachas agus teicneolaíocht, agus go leor eile, ar fud na tíre.

Chuir an freagra ó Chlár Éire Ildánach ar COVID-19 béim ar shonraí rannpháirtíochta digití agus ar líne. Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi Chlár Éire Ildánach in 2020 ar fáil ar Shuíomh Gréasáin Éire Ildánach Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar an raon gníomhaíochta i rith na bliana.

Freagra Cruthaitheach ar Chlár Éire Ildánach in 2020

- Chuir 260 scoil iarratas isteach chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh na Scoileanna Ildánacha agus d'éirigh le 164 díobh.
- Thacaigh 119 Comhpháirtí Ildánach le 314 scoil a bhí rannpháirteach i dtionscnamh na Scoileanna Ildánacha in éineacht le 150 scoil atá ag fágáil
- D'fhreastail tionscnaimh CPD don Óige Ildánach ar 756 múinteoir (Bunscoil TAP = 338; Iar-Bhunscoil JCT = 418)
- 1,366 tionscadal agus tionscnamh, arna seachadadh ag na 31 údarás áitiúla ag Pobail Ildánacha, lena n-áirítear 516 do Chruinniú na nÓg
- D'fhreastail Cruinniú na nÓg ar 54 tír. Leathnaigh sé a raon ó Éirinn go tíortha ar fud 6 mhór-roinn
- Infheistíodh €920,000 i 230 tionscadal oidhreachta cruthaitheach a seachadadh go príomha trí Fhoirne Cultúir & Cruthaitheachta na n-údarás áitiúil
- Fuair 253 ospidéal agus saoráid cúraim maoiniú chun tacú le tionscnaimh chruthaitheacha sláinte agus folláine
- 200 ceolchoirm i 102 teach cúraim/teach altranais le 30 ceoltóir fostaithe, iad ar fad maoinithe le haghaidh 'ceolchoirmeacha cúraim COVID' speisialta
- Chuaigh 346,500 duine i dteagmháil le Modern Day Mummers ar Facebook. D'fhreastail an glao #BeCreative ar 235,480 ar Instagram agus fuair Lonraigh do Sholas 119,769 ar Facebook
- 162,000 amharc Lonraigh do Sholas ar meáin shóisialta RTÉ
- Bhí 840,000 sa lucht féachana a bhí ag breathnú ar Samhlú ar TG4, ar fud 53 tír le 9.2 milliún imprisean ar Twitter

Le linn 2020, tháinig drochthionchar na paindéime ar shláinte mheabhrach agus folláine dhaoine scothaosta chun solais go háirithe. Mar fhreagra air sin, d'eagraigh agus mhaoinigh Clár Éire Ildánach sraith tionscnamh don fholláine mheabhrach a bhaineann le cruthaitheacht in áiseanna cúraim pobail agus/nó cónaithe. Is éard a bhí i gceist leis an Scéim **Cruthaitheacht do Dhaoine Scothaosta** ná iarracht a dhéanamh tacú le haosú dearfach, an tionchar diúltach a bhíonn ag cocúnú sóisialta agus ag scaradh sóisialta a mhaolú, agus/nó cineálacha nua rannpháirtíochta cruthaitheacha a fhorbairt

agus a bhunú do dhaoine scothaosta atá comhsheasmhach leis an treoir sláinte poiblí. Chuir sé údarás áitiúil déag as gach cearn den tír sraith tionscadal nuálach tarraingteach ar fáil lena n-áirítear *Carlow Streams Singalong Sessions*, *Tionscadal Leabhar Nótaí COVID-19 Chill Dara*, agus *Mummers an Lae Nua-Aimseartha* (Liatroim).

Thacaigh an scéim nua seo mar shampla le *Ceolchoirmeacha Cúraim COVID* ar éirigh thar barr leo. Faoi stiúir an Mobile Music Machine, rinne 30 amhránaí agus ceoltóir ceoldrámaíochta gairmiúil 200 ceolchoirm ceoil clasaiceach beo taobh amuigh de thithe cúraim cónaithe ar fud na tíre in 2020.

Mar chuid den mhaoiniú méadaithe in 2020, faoi Phacáiste Spreagtha mhí Iúil an Rialtais, chuir Clár Éire Ildánach maoiniú breise €1.75 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla. Chuir na tionscadail, a seachadadh tríd an bpacáiste infheistíochta seo, béim ar nascacht, saibhreas agus éagsúlacht na hoibre atá á seachadadh ag daoine cruthaitheacha atá ina gcónaí go háitiúil. Sampla den mhéid a baineadh amach in 2020 is ea *Ardú Chorcaí*, tionscnamh ealaíne sráide ag ceiliúradh traidisiúin, stair, diongbháilteacht agus ealaín chathair Chorcaí. Dearadh an tionscadal mar bhealach chun an chathair a athbheochan mar spás sábháilte le linn COVID-19, agus iniúchadh á dhéanamh freisin ar scéal iontach Chorcaí in 1920 agus sa lá atá inniu ann. Fuair na múrphictiúir freagra dearfach ón bpobal agus cuireadh beocht le tírdhreach cultúir Chorcaí trí chodanna de lár na cathrach a athbheochan.

Straitéis 6: Bonneagar Ealaíon agus Cultúir

Scéim Nua Caipitil Cultúir 2019 - 2022

Beidh an scéim infheistíochta caipitil €4.7m seo, atá curtha ar fáil le haghaidh ionaid ealaíon agus cultúir atá mar chuid den Phlean Forbartha Náisiúnta, Tionscadal Éireann 2040, i bhfeidhm go dtí 2022. Tá an scéim dírithe ar na hionaid ealaíon agus cultúir atá ar fud na tíre a fheabhsú. Ag teacht le gníomh an Rialtais maidir le hathrú aeráide, tugann an scéim seo tosaíocht do thionscadail a mbíonn tionchar dearfach acu ar an gcomhshaol trí lorg coise carbóin eagraíochtaí a laghdú.

Cuirtear maoiniú ar fáil faoi cheithre shruth mar atá leagtha amach thíos:

- Sruth A atá dírithe ar shaoráidí a athchóiriú agus a uasghrádú;
- Sruth B do thionscadail feabhsúcháin/leathnaithe/athchóirithe níos mó;
- Tá Sruth C á reáchtáil ag *Visual Artists Ireland* (VAI) thar ceann na Roinne agus atá dírithe ar spásanna oibre ealaíontóirí físe a uasghrádú agus;
- Sruth D, a osclaíodh i mí Iúil 2020, go sonrach le haghaidh oiriúnuithe caipitil nó trealaimh atá riachtanach chun cabhrú le heagraíochtaí ealaíon agus cultúir athoscailt go sábháilte tar éis COVID-19 agus scaipeadh an víris a chosc.

Scéim Caipitil Ceoil 2018/2019

Tá an Scéim Caipitil Ceoil maoinithe ag an Roinn agus á bainistiú ag Music Network. Is acmhainn ceoil ríthábhachtach í an Scéim seo atá deartha chun tacaíocht a sholáthar chun uirlisí ceoil a cheannach, agus chun freagairt do raon leathan riachtanas caipitil laistigh d'earnáil an cheoil in Éirinn. Bronnadh dámhachtainí maoinithe €0.248m ar ghrúpaí taibhithe neamhghairmiúla agus ar cheoltóirí aonair i mí na Nollag 2020.

Pacáiste Spreagtha Thionscal an Cheoil (MISP)

Bhí pacáiste tacaíochta maoinithe d'earnáil an cheoil dar luach €1.7 milliún mar chuid de phacáiste spreagtha mhí Iúil 2020, mar gheall go raibh éifeacht leathan ag scor taibhithe ceoil beo ar thionscal an cheoil. Thacaigh an maoiniú, a dearadh chun cabhrú le hearnáil an cheoil choitianta agus thráchtála a chothú, le 77 campa scríbhneoireachta amhrán, 184 taifeadadh agus 56 eisiúint albam, agus gach ceann acu ag tabhairt deis do lucht féachana leathan rochtain a fháil ar cheol nua.

I mí na Samhna 2020, d'fhógair an tAire Catherine Martin Scéim Tacaíochta Léirithe Beo píolótach le maoiniú os cionn €5m chun cabhrú le hionaid tráchtála, léiritheoirí agus tionscnóirí taibhithe beo a phleanáil ar fud na tíre lena n-áirítear ceolchoirmeacha, geamaireachtaí, léiriúcháin amharclainne, léirithe lasmuigh agus imeachtaí grinn. Chuir an scéim phíolótach na mílte lá fostaíochta ar fáil do na céadta ceoltóirí, aisteoirí, criú agus teicneoirí. Chuir taithí an phíolóta bonn le forbairt na scéime leantach a seoladh ina dhiaidh sin "Scéim Tacaíochta Léirithe Beo 2021

Straitéis 7: Ag tacú le healaíontóirí Éireannacha ar fud an domhain

Ag tacú le cur i láthair idirnáisiúnta ealaíontóirí Éireannacha ar fud an domhain, lena n-áirítear deiseanna nua a ghiniúint, mar chuid de straitéis idirnáisiúnta um chur chun cinn an Rialtais

Cultúr Éireann

Thacaigh Cultúr Éireann le healaíontóirí Éireannacha ar bhealaí nua agus nuálacha chun lucht spéise domhanda a bhaint amach. Cheadaigh cur i láthair digiteach, gan mórán teorainneacha geografacha, aimsiú domhanda níos mó lena n-áirítear an diaspóra a raibh ceangal acu le hÉirinn trí na healaíona ag am nuair nach rabhadar in ann taisteal abhaile.

Mar chuid de straitéis Éire Dhomhanda 2025 ceapadh an chéad dá Oifigeach Cultúir speisialaithe atá lonnaithe go hidirnáisiúnta i Londain agus i Nua-Eabhrac, chun obair a dhéanamh ar láithreacht chultúir dhomhanda na hÉireann agus a rannpháirtíocht sna críocha tosaíochta seo a leathnú.

Éire i mbun Taibhithe

Sheol Cultúr Éireann Éire i mbun Taibhithe, i gcomhpháirtíocht le Facebook Éireann, i mí Aibreáin 2020 chun tacú le healaíontóirí sa tréimhse tosaigh 6 seachtaine nuair a bhí na srianta i bhfeidhm agus nuair nach bhféadfaí léirithe beo agus taispeántais a dhéanamh. Rinne an 120 grúpa a roghnaíodh as 28 gcontae ar oileán na hÉireann ionadaíocht do gach seánra ceoil, focal labhartha, amharclainne agus amharcealaíona agus d'fhreastail siad ar os cionn 1 mhilliún lucht féachana.

Clár Taispeántais

Le linn na bliana lean Cultúr Éireann ag taispeáint ealaíontóirí Éireannacha ag comhdhálacha agus ag féilte idirnáisiúnta chun deiseanna camchuairte idirnáisiúnta a fháil amach anseo. I measc na mbuaicphointí bhí cur i láthair ag ealaíontóirí Éireannacha ag na hEalaíona Taibhithe Idirnáisiúnta don Óige in Philadelphia áit a raibh Éire mar thír fócais in 2020. Rinne ceoltóirí Éireannacha taispeántas go pearsanta freisin ag Folk Alliance International in New Orleans sular bhog an Clár Taispeántais de chuid Cultúr Éireann ar líne. Ghlac déantóirí amharclainne na hÉireann páirt sa Fringe Marketplace mar chuid d'Fhéilte Dhún Éideann agus chomhóstáil Cultúr Éireann, leis an Fringe, ócáid líonraithe inar cuireadh na deich seó Éireannacha i láthair os comhair láithreoirí agus ríomhchláraitheoirí idirnáisiúnta.

An Diaspóra

Chuaigh Clár Éire Ildánach i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun **#CruinniúGoesGlobal** a chur chun cinn leis an diaspóra trí líonra ambasáidí domhanda na hÉireann. Rinne consalachtaí i Nua-Eabhrac agus i Chicago *Céilí sa Chistin* a chur chun cinn go gníomhach le comhpháirtithe in Áirc Damhsa i measc pobail diaspóra i 54 tír ar fud 6 mhór-roinn. Ina theannta sin, chun freastal orthu siúd nach raibh in ann filleadh abhaile go hÉirinn faoi Nollaig, cuireadh an tionscnamh grianstad Lonraigh do Sholas de chuid RTÉ le tionscadal **#ToBeIrish** na Roinne Gnóthaí Eachtracha.

Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe

Mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2020, thacaigh an Roinn le forbairt agus seachadadh 18 dtionscadal ag taispeáint cuid de na cleachtais oidhreachta beo is fearr in Éirinn. Chuidigh an tionscnamh le feasacht a mhúscailt faoi ghréasán chasta na healaíona taibhiúcháin, na scileanna traidisiúnta, an t-eolas agus cleachtais. Chuir sé béim freisin ar Fardal Náisiúnta na hÉireann d'Oidhreacht Chultúir dholáimhsithe, a aithníonn agus a chosnaíonn ICH na hÉireann ag leibhéal Stáit.

Gaillimh 2020 Príomhchathair Chultúir na hEorpa

Seoladh Gaillimh 2020 mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 de chuid na hÉireann go luath i mí Feabhra. Ó mhí an Mhárta, ag tosú le seachadadh ar líne *Savage Beauty* leis an ealaíontóir Fionlannach Kari Kola, rinne Gaillimh 2020 athchóiriú ar an gclár cultúrtha chun cloí leis na forálacha sláinte poiblí a bhí i réim agus de réir mar a rialaíodh le treocht na paindéime i rith na bliana. Rinneadh an clár athchóirithe a shíneadh go dtí Aibreán 2021 agus áiríodh sa chlár nua i rith na bliana níos mó ná 350 ealaíontóir Éireannach ag obair ar 28 tionscadal le seachadadh ag níos mó ná 500 imeacht a chlúdaigh speictream leathan na bhfoirmeacha ealaíne.

Seachadadh imeachtaí trí theaglaim de léirithe pearsanta, de réir forálacha sláinte poiblí, agus ardáin dhigiteacha a thug rochtain níos leithne do lucht féachana domhanda. Rinneadh príomh-chomhpháirtíochtaí Eorpacha i measc ealaíontóirí, a tógadh le sé bliana anuas, a choinneáil de bharr na tionscadail a sheachadadh. I measc na dtionscadal suntasach tá Turas Druid Gregory na Gaillimhe, Mirror Pavilion le John Gerrard mar chuid d'Fhéile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe, Gilgamesh le Macnas agus Óró le Ealaín na Gaeltachta. [1]

[1] Savage Beauty le Kari Koli.
Mirror Pavilion le John Gerrard
Sonraí an ghrianghrafadóra: Christopher Lund (Gaillimh 2020)

Comhairle na Breataine-na hÉireann

Le linn 2020, lean an Roinn ag obair le comhpháirtithe i gComhairle na Breataine-na hÉireann (BIC) chun clár oibre tréimhsiúil Earnáil Oibre na dTionscal Cruthaitheach a chur chun cinn tuilleadh. Tionóladh cruinnithe fíorúla de chuid na hEarnála Oibre chun leasanna comhroinnte a phlé, agus malartú saineolais agus foghlama ar fud na n-ocht riarachán BIC.

Straitéis 8: Clár cuimhneacháin an Rialtais a sheachadadh
Clár Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023 de chuid an Rialtais a sheachadadh

Lean an Rialtas ag comóradh céad bliain imeachtaí suntasacha 1920 faoin gclár Clár Deich mBliana na gCuimhneachán a bhí bunaithe ar an gcur chuige uilechuimsitheach, measúil, oscailte agus comhairleach atá anois mar shainmharc an chláir ó thosaigh sé in 2012. Reáchtáil an Grúpa Comhairleach Saineolaithe (EAG) ar Chuimhneacháin Céad Bliain seacht gcruinniú le linn 2020 agus lean siad ar aghaidh lena gcuid oibre ag soláthar comhairle agus tacaíochta don Rialtas.

Clár Deich mBliana na gCuimhneachán 2020

Leithdháileadh maoiniú reatha €2m chun tacú le tionscnaimh agus imeachtaí comórtha in 2020, mar chuid de Clár Deich mBliana na gCuimhneachán.

Bhí ***Cathair agus Contae Chorcaí*** mar príomhfhócas an chláir Cuimhneacháin Stáit le linn 2020. I rith na bliana, rinneadh na himeachtaí claochlaitheacha a tharla 100 bliain ó shin a mharcáil, lena n-áirítear: bás bheirt de chéad shaoránaigh na cathrach, Tomás Mac Curtáin (Márta) agus Terence MacSwiney (Deireadh Fómhair); Luíochán Chill Mhichíl (Samhain) agus Cathair Chorcaí a dhó (Nollaig). Ba taispeántas mór a bhí i ***Citizen Nowhere | Citizen Somewhere*** le Dawn Williams ag Gailearaí Ealaíne Crawford, le tacaíocht ón Roinn, a raibh ealaíontóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta páirteach ann, agus a leag béim ar oidhreacht stailc ocrais 74 lá Terence MacSwiney agus a scrúdaigh an smaoineamh maidir leis an náisiún mar stát samhlaithe.

I measc na dtionscnamh comórtha céad bliain suntasach eile a thacaigh an Roinn leo bhí: an ***Ceannairc Connaught Rangers*** (Meitheamh); ***Loisceadh Bhaile Brigín*** (Meán Fómhair); ***Caoimhín de Barra á chur chun Báis*** (Samhain) agus ***Domhnach na Fola*** (Samhain). Thacaigh an Roinn freisin le comhpháirtíocht Amharclann na Mainistreach leis an CLG - ***14 Voices From The Bloodied Field*** a thug

le chéile 14 scríbhneoir, 14 stiúrthóir, agus 14 aisteoir, chun guth a thabhairt do na fir, an bhean agus na leanaí a maraíodh i bPáirc an Chrócaigh an 21 Samhain 1920.
Thacaigh an Roinn go díreach le roinnt tionscnamh eile le linn 2020, lena n-áirítear:

- Leanadh den obair ar líne le linn na héigeandála COVID-19 leis an tionscnamh substainteach Beyond 2022 |Státchiste Taifead Fíorúil na hÉireann. Ceapadh roinnt taighdeoirí iardhochtúireachta nua agus rinneadh dul chun cinn suntasach freisin i réimse na fionnachtana cartlainne lena n-áirítear fardail chaillteanais agus mharthanais a chruthú chomh maith le roinnt bailiúcháin shuntasacha a fháil.

- Fógraíodh Faighteoirí 2020 Gradam Markievicz, a chuireann tacaíocht ar fáil d'ealaíontóirí ó gach cúlra agus seánra chun am agus spás a cheannach d'fhonn saothar nua a fhorbairt a léiríonn ról na mban sa tréimhse a chuimsítear le Deich mBliana na gCuimhneachán 2012–2023 agus ina dhiaidh sin. D'fhógair an tAire freisin feabhsúchán ar an dámhachtain do na 3 bliana 2021-2023, agus dúbailt líon na ndámhachtainí ó 5 go 10 in aghaidh gach ceann de na trí bliana agus luach gach dámhachtana a dhéantar ag méadú ó €20k go €25k.



Atógáil digiteach 3-T d'Oifig Taifead Poiblí na hÉireann



Sampla cuardaigh 'Dolls House' Cheatharlach

- Maoiniú do 31 údarás áitiúil chun imeachtaí agus tionscnaimh chomórtha áitiúla a fhorbairt faoin gClár Deich mBliana na gCuimhneachán. Cuireadh maoiniú breise ar fáil freisin do 11 údarás áitiúla chun tacú le seachadadh a gcuid pleananna in 2020 lena n-áirítear dhá thionscnamh trasteorann, faoi stiúir Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Contae Mhuineacháin.



- Turas Fíorúil le tráchtaireacht ar an tob-mhúsaem '***100 Bliain de Rannpháirtíocht na mBan sa Pholaitíocht agus sa Saol Poiblí 1918 - 2018 '*** ar www.decadeofcentenaries.com

- Tionóladh Cuimhneachán Náisiúnta Bliantúil an Ghorta Mhóir ag Leacht Cuimhneacháin Edward Delaney i bhFaiche Stiabhna i mí na Bealtaine.

- I mí Lúnasa, eagraíodh **Outreach to the Irish Embassies** leis an tAonad Cuimhneacháin ag eagrú pacáiste acmhainní le dáileadh ar líonra Ambasáidí na hÉireann chun tacú le feasacht a ardú go hidirnáisiúnta faoi Dheich mBliana na gCuimhneachán.

- I mí na Nollag reáchtáil Ollscoil na Banríona, Béal Feirste ócáid phoiblí ar líne chun an comóradh céad bliain a cheiliúradh. Le tacaíocht ó Rialtais na RA agus na hÉireann, i measc na gcainteoirí ag an ócáid bhí an tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney TD, Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann, Brandon Lewis, an Chéad Aire Arlene Foster agus an Leas-Chéad Aire Michelle O'Neill chomh maith le painéal saineolaithe acadúla.

- Bhí an-tóir ar an tsraith faisnéise dhá chuid *The Hunger* arna léiriú ag RTÉ Corcaigh agus UCC agus á chraoladh ag RTÉ roimh an Nollaig le figiúirí féachana ar an líon ab airde riamh. Thacaigh an Roinn le táirgeadh ábhar digiteach gaolmhar ar www.rte.ie/history a mheall spéis mhór an phobail. Bhuaigh *The Hunger* 3 ghradam agus roghnaíodh é le haghaidh 12 fhéile go hidirnáisiúnta chomh maith le craoladh sa Fhrainc agus sa Ghearmáin agus san Fhionlainn ar an gcainéal ARTE. In 2022 beidh an scannán lán-fhada ar taispeáint do na milliúin sa tSín agus ó chósta go cósta ar Theilifís Phoiblí Mheiriceá i SAM.

8. Foilseacháin agus na meáin leictreonacha

Lean an Roinn ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht do roinnt tionscnaimh comhoibritheacha le comhpháirtithe eile lena n-áirítear:

- Rinneadh Comhoibriú idir RTÉ agus COC maidir le tairiscint dhigiteach a fhorbairt don Feachtas ar son na Saoirse, bunaithe ar an leabhar sárdhíola ***Atlas of the Irish Revolution***.
- ***Century Ireland*** (**www.rte.ie/centuryireland**) - tionscnamh nuachtáin stairiúil ar líne ina n-insítear faoin saol in Éirinn 100 bliain ó shin, a fhoilsíonn taighdeoirí i gColáiste Boston gach coicís agus arna óstáil ag RTÉ.
- Ceardlanna taighde agus oideachais acadúla mar thacaíocht do Herstory 20/20**.**
- Maoiniú chun 2 fhoilseachán a fhorbairt le hAcadamh Ríoga na hÉireann (RIA) chun Comóradh Céad Bliain suntasach a cheiliúradh in 2022.
- Comhpháirtíocht Stair Éireann ar www.decadeofcentenaries.com.
- Dáileadh ar scoileanna na forlíontaí The Irish Times Century Series.
- Thacaigh an Roinn le History Ireland i dtionscnamh comhoibritheach i bhfoirm podchraoltaí inar tugadh aghaidh ar raon éagsúil téamaí agus imeachtaí ó 1920 agus a d'ardaigh feasacht an phobail ar chuimhneacháin. 1 December 2020: *The Government of Ireland Act 1920* (Podchraoladh)

An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

Sprioc C

Tacú le húsáid na Gaeilge ar fud na hÉireann, san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain agus a húsáid mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta a neartú.

9. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

Caiteachas de réir príomhréimse caiteachais, 2020



Spriocanna: An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

SPRIOC: **Tacú le húsáid na Gaeilge ar fud na hÉireann agus a húsáid mar phríomhtheanga pobail na Gaeltachta a neartú.**

Straitéis 1: **Tacú leis an nGaeilge, laistigh agus lasmuigh den Gaeltacht trí Phlean Gníomhaíochta 5 Bliana a chur i bhfeidhm don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030**

Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019

Féachann Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019 le hathmhúnlú suntasach a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear seirbhísí Gaeilge ar fáil don phobal. Ag léiriú comhairliúcháin le raon leathan eagraíochtaí stáit, féachann an Bille nua lena chinntiú go leanann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 de bheith ina thacaíocht éifeachtach dóibh siúd go léir ar mian leo seirbhísí ardchaighdeáin i nGaeilge a fháil ón Stát. Cuspóir de chuid an Bhille is ea, faoin 31 Nollaig 2030, go mbeidh 20% de na hearcaigh nua sa tseirbhís phoiblí ina gcainteoirí Gaeilge agus go n-oibreoidh gach oifig phoiblí atá lonnaithe sa Ghaeltacht trí Ghaeilge. Tá sé beartaithe go mbunófar coiste comhairleach nua faoin mBille chun cabhrú leis an bpróiseas agus beidh ról lárnach aige seo i stiúradh cur chuige comhordaithe chun a chinntiú go n-earcaítear líon leordhóthanach pearsanra a labhraíonn Gaeilge chun seirbhísí a sholáthar. Gné shuntasach eile den Bhille is ea athsholáthar an chórais scéimeanna teanga atá ann cheana trí chaighdeáin teanga a thabhairt isteach do chomhlachtaí poiblí, le caighdeáin níos airde le baint amach ag comhlachtaí poiblí a bhfuil níos mó idirghníomhaíochta acu leis an bpobal.

Éileoidh príomhfhorálacha eile ar chomhlachtaí poiblí úsáid a n-ainmneacha agus a seoltaí i nGaeilge a éascú agus iad ag cumarsáid le comhlachtaí poiblí agus go mbeidh ainmneacha Gaeilge ar gach comhlacht poiblí nua. Tabharfaidh an Bille éifeacht freisin do leasuithe a theastaíonn ag eascairt as díothú an Choimisiúin um Logainmneacha, mar a fhoráiltear dó i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2011. Comhlánóidh an Bille na forálacha atá san Acht Gaeltachta 2012 a bhaineann le forbairt pleananna teanga i Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Teanga Gaeilge, a mbeidh a gcur i bhfeidhm iomlán ag brath go mór ar sholáthar seirbhísí poiblí i nGaeilge. Tá sé beartaithe go rachaidh an Bille trí dhá Theach an Oireachtais i 2021.

Tá úinéireacht thrasrannach ag an ***Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030,*** agus ag an bPlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022 a ghabhann léi agus, dá réir sin, tá an fhreagracht as an chur i bhfeidhm ar roinnt Ranna Rialtais, comhlachtaí agus eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta.

Tá an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán freagrach as cur i bhfeidhm agus foilsiú tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn na straitéise agus an phlean gníomhaíochta. Thug an tuarascáil tionscnaimh ar dhul chun cinn a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020 léargas soiléir ar na 180 gníomh nó mar sin atá á gcur chun cinn ag c. 60 páirtithe leasmhara ag tacú leis na réigiúin teanga agus Gaeltachta.

In ainneoin na ndúshlán a chruthaigh an phaindéim, tá dul chun cinn suntasach déanta.

I measc bhuaicphointí lárnacha eile 2020 chun tacú le réigiúin na Gaeilge agus na Gaeltachta tá:

Clár Tacaíochta Pobail agus Teanga na Gaeltachta - Caipiteal:

Is é cuspóir an chúnaimh chaipitiúil a chuirtear ar fáil faoin gciste seo ná an Ghaeilge a neartú mar theanga phobail agus theaghlaigh de réir chuspóirí Acht na Gaeltachta 2012 agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Soláthraíodh leithdháileadh iomlán €2.320m do thionscadail chaipitil in 2020. I measc na bpríomhbhearta bhí leithdháileadh €1.673m mar thacaíocht do 53 tionscadal lena n-áirítear tógáil agus uasghrádú saoráidí teanga agus pobail i réigiúin na Gaeltachta.

D'fhéadfadh eagraíochtaí pobalbhunaithe a oibríonn trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht iarratas a dhéanamh faoi Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge na Roinne ar mhaoiniú chun cabhrú leis na costais a bhaineann le hionaid Ghaeilge a thógáil nó a fheabhsú agus chun trealamh a cheannach d'ionaid den sórt sin.

Clár Tacaíochta Pobail agus Teanga na Gaeltachta - Reatha:

Soláthraíodh leithdháileadh iomlán €8.070m don chaiteachas reatha in 2020. I measc na bpríomhbhearta bhí:

- Ciste Cobhsaíochta COVID-19 d'earnáil Choláistí Samhraidh na hÉireann ar fiú suas le € 4.7m é trí mhaoiniú ó Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge a athbhunú tar éis cúrsaí a chealú mar gheall ar COVID-19. Bunaíodh an beart seo mar fhreagra ar COVID-19 leis an gcuspóir foriomlán inmharthanacht leanúnach na hearnála a chinntiú. Chuir ceadú an tionscnaimh cobhsaíochta seo san áireamh an gá le dul i ngleic gan mhoill le saincheisteanna a bhaineann le sreabhadh airgid laistigh d'earnáil na gcoláistí samhraidh, rud a chuir isteach go mór ar chumas na gcoláistí táillí/taiscí a aisíoc go leordhóthanach le tuismitheoirí os cionn 20,000 mac léinn a bhí le freastal ar chúrsaí samhraidh. Cuireadh €1.6m ar fáil freisin chun tacú leis an c. 700 teaghlach deimhnithe Gaeltachta a sholáthraíonn cóiríocht de ghnáth do mhic léinn atá ag freastal ar na coláistí.

- Tugadh tacaíocht bhreise do Scéim na gCúntóirí Gaeilge in 2020 le maoiniú trí bliana €3.6m a ceadaíodh in 2019 a théann chun leasa scoileanna Gaeltachta a ghlacann páirt i mBeartas na Roinne Oideachais maidir le Oideachas Gaeltachta 2017-2022. Chuir an maoiniú seo ar chumas gach scoil Gaeltachta leas a bhaint as seirbhísí cúntóirí teanga i rith na scoilbhliana. Cé go ndeachaigh COVID-19 i bhfeidhm go diúltach ar obair na gcúntóirí teanga le linn dhúnadh scoileanna in 2020, choinnigh siad aschur trí fhíseáin a uaslódáil agus teagmháil a choinneáil le mic léinn.

- Físchomhdháil. Tugadh tacaíocht bhreise d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge chun cúrsaí tríú leibhéal a sholáthar ina dtrí ionad Gaeltachta - i nGaoth Dobhair, Carna agus An Cheathrú Rua le maoiniú trí bliana dar luach €2.7m a ceadaíodh in 2018. Chuir paindéim COVID-19 dúshláin oibríochta roimh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus reáchtáladh ranganna ar líne den chuid is mó.

- Scéim na gCampaí Samhraidh: Leithdháileadh €97,787 in 2020 chun tacú le deiseanna foghlama agus saibhrithe teanga do dhaoine óga ó cheantair Ghaeltachta. Mar gheall ar an bpaindéim, ní raibh ach campaí lasmuigh in ann leanúint ar aghaidh in 2020. Bhain thart ar 1,500 duine óg leas as an 50 campa lasmuigh a tharla in 2020. Chun tacaíocht bhreise a thabhairt do dhaoine óga agus le maoiniú ón Roinn agus ó Fhoras na Gaeilge, rinne TG4 dhá shraith theilifíse a chraoladh: Campaí Cúla4 le linn shéasúr an tsamhraidh 2020.

- Maoiníodh 12 eagraíocht eile atá lonnaithe sa Ghaeltacht agus a sholáthraíonn raon beart tacaíochta teanga faoin gclár. Choinnigh na heagraíochtaí seo aschur i bhfianaise COVID-19 trí fhíseáin a uaslódáil ar a láithreáin ghréasáin, ar na meáin shóisialta agus trí ranganna a reáchtáil trí mheán na físchomhdhála.

An Próiseas Pleanála Teanga

Soláthraíodh leithdháileadh iomlán €3.7m chun cur i bhfeidhm an Phróisis Phleanála Teanga a chur chun cinn in 2020. I measc na bpríomhbhearta bhí:

- Faomhadh 9 bplean breise teanga, rud a fhágann go bhfuil líon iomlán na bpleananna ceadaithe ag 25;
- Sna 9 bplean a ceadaíodh bhí 4 cinn do Limistéir Pleanála Teanga, 3 cinn do Líonraí Pleanála Teanga agus 2 cheann do Bhailte Seirbhíse Teanga;
- Ceapadh 11 Oifigeach Pleanála Teanga i Limistéir Phleanála Teanga na Gaeltachta chun pleananna teanga ceadaithe a chur i bhfeidhm ina bpobail;
- Leanadh ar aghaidh ag tacú leis an teanga sna luathbhlianta, sa teaghlach agus sna healaíona traidisiúnta teanga-lárnaithe le linn 2020 chun bunús a chur leis an bPróiseas Pleanála Teanga i réigiúin na Gaeltachta. Chuir Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta faoi seach tús leis an tríú bliain de chlár maoinithe 3-bliana chun tacú le teaghlaigh agus na luathbhlianta.
- Lean Ealaín na Gaeltachta, ag obair i gcomhar le clár Éire Ildánach, ag seachadadh a gcuid seirbhísí, seachadadh gníomhaíochtaí agus cláir oideachais ar líne le linn phaindéim COVID-19 san áireamh.

Straitéis 2: Tacú le forbairt inbhuanaithe na Gaeltachta agus pobail na n-oileán go háirithe trí chruthú post agus an fhostaíocht atá ann cheana a choinneáil

Ba é leithdháileadh foriomlán an Státchiste d'Údarás na Gaeltachta, an t-údarás réigiúnach atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta, ná €31.852m in 2020, lena n-áirítear breis agus €8m de mhaoiniú breise a cuireadh ar fáil faoi phacáiste Spreagadh Poist mhí Iúil. Ag deireadh na bliana, bhí fostaíocht iomlán i gcliantchuideachtaí an Údaráis ag 7,800, agus bhí 7,363 díobh sin ina bpoist lánaimseartha agus 437 ina bpoist páirtaimseartha. In ainneoin thionchar phaindéim COVID-19, chruthaigh cliantchuideachtaí an Údaráis 427 post nua le linn 2020. Nuair a chuirtear laghduithe poist san áireamh, tá glanlaghdú 6% (481) san fhostaíocht iomlán. Ba san earnáil turasóireachta agus sna hearnálacha gaolmhara a bhí an chuid is mó den laghdú seo.

Ina theannta sin, cuireadh maoiniú caipitil €2.3m ar fáil d'Údarás na Gaeltachta le haghaidh 3 phríomhthionscadal turasóireachta, nuálaíochta agus forbartha pobail i réigiúin Gaeltachta Chorcaí, Chiarraí agus Mhaigh Eo faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe agus faoin gCiste Forbartha Fiontar Réigiúnach, agus leanann an phleanáil ar aghaidh chun ionad nuálaíochta agus forbartha mara a sholáthar i bPáirc na Mara i gCill Chiaráin, Co. na Gaillimhe. Léiríonn an tionscadal comhfhiontar idir Údarás na Gaeltachta, OÉ Gaillimh agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT).

Lean Údarás na Gaeltachta ag riaradh scéimeanna éagsúla fostaíochta sóisialta in 2020, a mhaoiníonn an Roinn Coimirce Sóisialaí agus a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le taithí oibre agus oiliúint a sholáthar do phobail Ghaeltachta. Ghlac os cionn 1,000 rannpháirtí páirt sna scéimeanna le linn 2020 agus 49 maoirseoir fostaithe ar fud na Gaeltachta.

Bhí leithdháileadh maoinithe níos mó ná €78m don earnáil Ghaeltachta agus Gaeilge i mBuiséad 2021 - méadú €14.8m ar an leithdháileadh tosaigh in 2020.

Fógraíodh freisin maoiniú iomlán de €31.8m d'Údarás na Gaeltachta chun cabhrú le cliantchuideachtaí a chosaint ó thionchair iomlána an Bhreatimeachta agus COVID-19.

Straitéis 3: Leanúint ar aghaidh ag obair lenár gcomhpháirtithe san AE d'fhonn deireadh a chur leis an maolú ar úsáid na Gaeilge san AE faoi 2022

Leanadh den dul chun cinn i dtreo deireadh a chur leis an maolú mar thoradh ar obair leanúnach na Roinne, i gcomhar le hinstitiúidí an AE agus leis an earnáil tríú leibhéal in Éirinn. Osclaíonn stádas na Gaeilge, mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach, deiseanna nua fostaíochta in Éirinn agus san Eoraip do mhuintir na hÉireann. Bhí 138 ball foirne Gaeilge ag obair in institiúidí an Aontais Eorpaigh ag deireadh 2020.

Chun a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach pearsanra a labhraíonn Gaeilge ar fáil chun folúntais a líonadh san Eoraip, bunaíodh scéim nua in 2018 chun intéirnigh a sheoladh chuig na hinstitiúidí Eorpacha ar feadh tréimhse 10 mí. Tá an scéim Intéirneachta in Institiúidí an Aontais Eorpaigh á leathnú leis an Roinn ag méadú leibhéal an mhaoinithe ionas gur féidir deichniúr céimithe a cheapadh agus taithí oibre a fháil.

I measc na bpolasaithe eile a lean an Roinn le linn 2020, bhí:

- Comórtas aistriúcháin trí mheán na Gaeilge, do mheánscoileanna in Éirinn, thuaidh agus theas, i gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, chun mic léinn a spreagadh chun deiseanna gairme do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu san AE a thapú.
- Gluaiseacht / Taispeántas Taistil Chonradh na Gaeilge, ina reáchtáiltear os cionn 120 ceardlann i rith na bliana ar fud na hÉireann. Is ceardlanna idirghníomhacha iad seo chun daoine óga a chur ar an eolas faoi chearta teanga, seirbhísí teanga agus deiseanna fostaíochta. Mar gheall ar COVID-19, cuireadh cuid de na gníomhaíochtaí a bhain leis an tionscnamh ar ceal i mí Aibreán 2020 agus reáchtáladh roinnt ceardlanna fostaíochta agus 'Taispeántais Taistil' ar líne ina n-ionad.
- Tá próiseas tairisceana nua maidir leis an Tioscnamh Ard-Scileanna Gaeilge á ullmhú faoi láthair.

Tionscnamh Ard-Scileanna Gaeilge

Cuirtear maoiniú ar fáil do chúrsaí Gaeilge in institiúidí tríú leibhéal in Éirinn a thacaíonn le stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil agus mar theanga oibre an Aontais Eorpaigh. Déantar cohórt de dhaoine cáilithe a bhfuil scileanna Gaeilge acu a sholáthar chun cabhrú le freastal ar riachtanais earcaíochta san AE tríd an Tionscnamh Ard-Scileanna Gaeilge, faoina soláthraíonn an Roinn maoiniú do 12 chúrsa speisialaithe Gaeilge tríú leibhéal i réimsí cosúil leis an aistriúchán, ateangaireacht agus an dlí.

Oideachas Tríú Leibhéal Thar Lear

Maoiníonn an Roinn Fondúireacht Ollscoile Éireann Cheanada, Coimisiún Fulbright agus ollscoileanna san Eoraip tríd an scéim 'Oideachais Tríú Leibhéal Thar Lear'. Tá 43 ollscoil san iomlán ag glacadh páirt sa scéim. Cuirtear maoiniú ar fáil faoin scéim seo chun Gaeilge a theagasc in ollscoileanna thar lear. Is iad aidhmeanna an chiste dea-thoil a chothú agus a chur chun cinn i leith na Gaeilge lasmuigh d'Éirinn, ardán a sholáthar do rochtain ar an nGaeilge agus í a lárú mar theanga idirnáisiúnta. Tá an ciste oscailte d'iarratais ó institiúidí tríú leibhéal thar lear ar mian leo cúrsaí Gaeilge a sholáthar mar chuid dá gclár acadúil.

Spórt

Sprioc D

Rannpháirtíocht níos mó i spóirt ag gach duine a chur chun cinn le fócas ar leith ar rannpháirtíocht na mban agus éagsúlacht fad is a leantar ag infheistiú in áiseanna spóirt nua, lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus óstáil mórimeachtaí.

10. Spórt



Forléargas

Mheas *Investec Economic Research*, a choimisiúnaigh Cónaidhm Spórt na hÉireann in 2019 maidir le Sochair Eacnamaíocha an Spóirt in Éirinn, go ngineann spórt in Éirinn €2.7bn i gcaiteachas teaghlaigh in aghaidh na bliana.

Bhí tionchar ollmhór ag COVID-19 ar Spórt ag gach leibhéal ó chaitheamh aimsire an duine aonair go dtí leibhéal an scothspóirt ghairmiúil. Léiríodh é seo in imeachtaí a cuireadh ar ceal agus a cuireadh siar agus rochtain theoranta ar áiseanna oiliúna agus cleachtais. I mí Bealtaine 2020, bhunaigh an rialtas 'Grúpa Saineolaithe ar Fhilleadh ar Spórt' chun treoir a sholáthar do chomhlachtaí spóirt na hÉireann chun ullmhú don fhilleadh céimnithe ar ghníomhaíocht spóirt ar aon dul le Treochlár an Rialtais chun Gnó agus an tSochaí a Athoscailt. Reáchtáil an Grúpa Saineolaithe 27 cruinniú in 2020 agus lean siad ag déanamh teagmháil le húdaráis sláinte an t-am ar fad, chun a chinntiú go bhfillfidh agus go n-athosclaíonn an phríomhchuid seo de chreatlach sóisialta na hÉireann ar bhonn sábháilte agus inbhuanaithe.

Bunaithe ar an riachtanas dul i gcomhairle leis an earnáil spóirt ar bhealach níos tráthúla, níos struchtúrtha agus níos cuimsithí maidir le bainistíocht na ndúshlán a bhaineann le paindéim COVID-19, bunaíodh Grúpa Monatóireachta Spóirt COVID-19, faoi chathaoirleacht an Aire, go luath in 2020, a d'éascaigh díospóireachtaí díreacha an-tairbhiúla ar na príomhcheisteanna atá os comhair na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta éagsúla.

Mar aon le tacaíochtaí paindéime, lean an Roinn agus a comhpháirtithe sna comhlachtaí Spóirt le cuspóirí beartais a chur chun cinn i rith na bliana.

Beartas Náisiúnta Spóirt

Áirítear leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027, a seoladh i mí Iúil 2018, trí Sprioc Ardleibhéil:

- Rannpháirtíocht Mhéadaithe ar fud na spóirt go léir in Éirinn (ó 43% go 50% faoi 2027, ardaíodh an figiúr seo go 60% i gClár an Rialtais).
- Sármhaitheas níos mó i dtéarmaí rialachais chomh maith le réimse an spóirt ardfheidhmíochta.
- Cumas Feabhsaithe chun ligean do níos mó daoine a bheith páirteach i spórt, agus caighdeáin a fheabhsú i gcoitinne dóibh siúd atá ag tabhairt faoin spórt cheana féin.

Le linn 2020, lean an Grúpa Ceannaireachta Spóirt, a bunaíodh chun cur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Spóirt a mhaoirsiú agus a stiúradh, lena chuid oibre ag forbairt plean gníomhaíochta tosaíochta don spórt agus é mar aidhm aige éifeacht láithreach a thabhairt do na spriocanna ardleibhéil a bunaíodh faoin mBeartas Náisiúnta Spóirt le cur faoi bhráid an Rialtais in 2021.

Spórt Éireann

Tacaíonn an Roinn le gníomhaíochtaí Spórt Éireann maidir le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt, mhaoiniú agus chur i bhfeidhm éifeachtach clár, i gcomhréir le riachtanais agus beartas airgeadais an Rialtais. Bhí buiséad caiteachais reatha iomlán do Spórt Éireann in 2020 beagnach €161m. Áirítear leis seo maoiniú COVID-19 €88.5m.

Tá ráiteas straitéise Spórt Éireann do 2018-2022 bunaithe ar na ceithre phríomhcholún seo a leanas:

- Rannpháirtíocht (Spórt ar Feadh an tSaoil agus Cuimsitheach);
- Feidhmíocht (Ag imirt agus ag iomaíocht ar leibhéal a oireann don chumas);
- Ardfheidhmíocht (Cumas na hÉireann a bhaint amach ag na leibhéil is airde iomaíochta); agus
- Rialachas Spórt Éireann (Forbairt earnáil spóirt an-éifeachtach a mbeidh tionchar aici ar fud na tíre).

Tugtar achoimre thíos ar an dul chun cinn in 2020 faoi gach réimse tosaíochta -

1. Rannpháirtíocht (Spórt ar Feadh an tSaoil agus Cuimsitheach);

Léirigh an **Irish Sports Monitor (ISM)** 2019, a foilsíodh in 2020, go nglacann 1.7m duine (46% den daonra) páirt go rialta i spórt, méadú 150,000 ó 2017 (43% den daonra). Thuairiscigh an ISM freisin gur lean an bhearna inscne sa rannpháirtíocht ag laghdú go dtí an leibhéal is ísle fós ag 3.4% in 2019 ó 4.5% ag deireadh 2017. Nuair a tugadh isteach an ISM in 2007 bhí an bhearna ag 15.7%. Tháinig laghdú freisin ar an mbearna grádán míchumais dóibh siúd a ghlac páirt sa spórt go 17% in 2019 i gcomparáid le 18% in 2017.

Is tionscnamh trasearnála é an **Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Corpartha (NPAP)**, a seoladh in 2016 agus é mar aidhm aige leibhéil gníomhaíochta corpartha a mhéadú a mbeadh tairbhí sláinte, eacnamaíocha agus sóisialta mar thoradh air. Is é sprioc uileghabhálach an phlean cion na ndaoine ar fud gach céim den saol, a théann i mbun gníomhaíochta corpartha rialta, a mhéadú 1% in aghaidh na bliana, go dtí 2020.

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt

In 2020, chuir 29 LSP clúdach náisiúnta ar fáil do chláir agus do sheirbhísí rannpháirtíochta spóirt. D'infheistigh Spórt Éireann €8.3m sa líonra LSP i rith na bliana. Le maoiniú ó Sport Ireland, tá ar a laghad 4 chroífhoireann ag gach LSP, comhordaitheoir, riarthóir, oifigeach um chuimsiú daoine faoi mhíchumas sa Spórt agus oifigeach forbartha spóirt pobail. In 2020, mhéadaigh Spórt Éireann infheistíocht i gclár LSP go €1.13m chun tionscadail eolas-bhunaithe a dhíríonn ar phobail faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt, a leathnú agus a chur i bhfeidhm.

Tacaíochtaí club agus pobail COVID-19

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, rinne Spórt Éireann infheistíocht €1.9m breise sa líonra LSP chun cláir agus scéimeanna deontais a chur i bhfeidhm le €3.5m eile curtha ar fáil faoi phacáiste Spreagtha Poist mhí Iúil chun cuidiú le hathoscailt linnte snámha (€ 2.5m) agus tacaíocht bhreise (€1m) do Chomhpháirtíochtaí Spóirt Áitiúla i mBaile Átha Cliath.

Rinne Spórt Éireann an Scéim Miondeontais COVID-19 a leagan amach chun an riosca d'ionfhabhtú COVID-19 a laghdú i suíomhanna spóirt clubanna agus pobail. Forbraíodh an ciste chun tacú le clubanna nach raibh an t-airgead acu na prótacail sláinteachais agus scaradh sóisialta a bhaineann le COVID-19 a chur i bhfeidhm.

Bhí sé mar aidhm ag Ciste an Chláir Atosaithe agus Athnuachana cláir nua a chur chun cinn agus a fhorbairt ina bhféadfaí spórt agus gníomhaíocht choirp a chur chun cinn i gcomhthéacs COVID-19. Fuair na heagraíochtaí seo a leanas maoiniú cláir tríd an gciste seo:

- LSPnna - €450,000
- Aostacht agus Deiseanna - €40,000
- Éire Gníomhach - €75,000

Rannpháirtíocht sa Spórt a Leathnú

Ag teacht le Beartas Spórt Éireann maidir le Mná sa Spórt a foilsíodh in 2019, lean Spórt Éireann ag tacú le rannpháirtíocht leanúnach na mban sa spórt mar chóitseálaithe, oibrithe deonacha, baill chlub, lúthchleasaithe, tacadóirí, ceannairí, agus rannpháirtithe ón mbunleibhéal go dtí an póidiam. Cuireadh maoiniú €265,000 maidir le Mná sa Spórt ar fáil don líonra LSP in 2020.

Cuireadh maoiniú €608,000 ar fáil freisin don Chlár 'Go for Life' a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le clubanna agus eagraíochtaí deiseanna a mhéadú dá mbaill níos sine páirt ghníomhach a ghlacadh i spórt áineasa agus i réimse gníomhaíochtaí coirp. D'eagraigh Spórt Éireann agus an líonra LSPanna go leor tionscnaimh éagsúla mar *BeActive Day,* tionscnamh a spreag daoine chun a dtreoirlínte gníomhaíochta coirp a chomhlíonadh ar bhealach spraíúil ar an lá. I measc na dtionscnamh eile bhí pleananna gníomhaíochta coirp 4 seachtaine do dhaoine faoi mhíchumas agus plean gníomhaíochta coirp 4 seachtaine ar leith do dhaoine níos sine i mí Dheireadh Fómhair mar chuid de sheachtain an aosaithe dhearfaigh.

Aithnítear go sainráite leis an Straitéis Comhtháthaithe Imirceach an cumas atá ag spórt tacú le comhtháthú imirceach trí rannpháirtíocht ghníomhach, obair dheonach agus rannpháirtíocht sa

rialachas a spreagadh. Tá ionadaíocht ag Spórt Éireann ar Fhochoiste Saoránachta Gníomhaí an Choiste Faireacháin agus Comhordaithe um Straitéis Comhtháthaithe Imirceach. Chun tacú le seachadadh an ghnímh seo agus na ngníomhartha ábhartha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, chuir Spórt Éireann tús le beartas um Éagsúlacht agus Cuimsiú a fhorbairt chun raon feidhme a shainchúraim éagsúlachta agus uilechuimsitheachta a leathnú tuilleadh.

Spóirt Mhachaire don Óige

In 2020, cuireadh €12m ar fáil mar mhaoiniú faoin gceannteideal seo lena n-áirítear €1.59m do Chumann Lúthchleas Gael, agus €2.25m do Chumann Rugbaí na hÉireann chun tacú lena gcuid oibre chun rannpháirtíocht daoine óga sa spórt a mhéadú. De réir an Mheabhráin Chomhthuisceana idir an Rialtas agus Cumann Peile na hÉireann, leithdháil Spórt Éireann €5.8m ar an FAI in 2020 do chláir ar leith agus chun tacú le forbairt réimsí eile den FAI.

Spórt Éireann Lasmuigh

Lean Spórt Éireann ag cur na gcosán áineasa forbartha chun cinn in Éirinn. In 2020, d'fhorbair agus d'fhoilsigh Spórt Éireann Critéir na gCosán Siúil in Éirinn chun forbairt ar ardchaighdeán na gcosán siúil in Éirinn a chinntiú. Chríochnaigh Spórt Éireann céim phíolótach maidir le bunchlár agus bunachar sonraí digiteach a bhunú le haghaidh áiseanna spóirt agus áineasa le tacaíocht ó Chiste Sláintiúil na hÉireann. Thaispeáin céim phíolótach an bhunachair sonraí úsáidí féideartha poiblí agus páirtithe leasmhara an chórais lena n-áirítear níos mó rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a ghiniúint.

Mar chuid den chomhpháirtíocht le Spórt Éireann chuir CARA roinnt ceardlann ar líne ar fáil le linn 2020 a raibh sé mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar cheist na hinrochtaineachta faoin aer trí fhaisnéis phraiticiúil, comhairle agus treoir a sholáthar maidir le conas an taobh amuigh a dhéanamh níos inrochtana.

Tá Spórt Éireann ina bhall den chomhpháirtíocht Gormbhealaigh a thacaíonn agus a sholáthraíonn treoir d'fhorbróirí Gormbhealaí. Leis an gcomhpháirtíocht seo, tá baint ag Spórt Éireann le forbairt treoirlínte tacaíochta le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus cur chun cinn Gormbhealaí. Feidhmíonn Spórt Éireann Lasmuigh mar chomhordaitheoir náisiúnta d'fhorbairt na mbealaí EuroVelo in Éirinn.

Seachtain Eorpach an Spóirt 2020

Is ceiliúradh seachtaine ar spórt agus gníomhaíocht choirp í Seachtain Eorpach an Spóirt. Reáchtáladh 535 imeacht go náisiúnta i rith na seachtaine 23 go 30 Meán Fómhair 2020 lena n-áirítear #BeActive Paddle Day, Lá Náisiúnta Siúil, agus Lá Spóirt Scoile na hEorpa. Sheachaid 12 Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil imeachtaí nuálacha #BeActive mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt 2020. Léirigh imeachtaí suaitheanta Sheachtain Eorpach an Spóirt straitéis rannpháirtíochta Spórt Éireann trí thacú le agus cur chun cinn imeachtaí suaitheanta a dhíríonn ar ghrúpaí daonra ar leith lena n-áirítear; daoine faoi mhíchumas, chomh maith le mná, imircigh, daoine fásta níos sine, daoine óga agus teaghlaigh.

Ciste na gCuntas Díomhaoin

In 2020, cheadaigh Plean Gníomhaíochta um Chiste na gCuntas Díomhaoin (DAF) leithdháileadh suas le €8m do bhearta spóirt. Tá sé mar aidhm ag an maoiniú seo teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla a dhíríonn ar dhaoine faoi mhíchumas, ar dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh an oideachais de agus ar phobail faoi mhíbhuntáiste.

NGBanna do Thionscadail Spóirt Pobail agus Míchumais.	€1.00m
Moil Spóirt Pobail agus Gníomhaíocht Coirp i bpobail faoi mhíbhuntáiste	€1.47m
Tacaíochtaí d'oibrithe dheonacha	€0.50m
Clár Ceannaireacht Óige	€0.25m
Tionscnaimh Eachtraíochta Uirbeacha	€0.45m
Tionscadail um Chuimsiú sa Spóirt	€0.99m
An Creat Oiliúna Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas CARA	€0.18m

Soláthraíodh maoiniú Cuntais Díomhaoine €10,000 agus €15,000 an ceann do 24 Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil, chun deiseanna spóirt laistigh dá gcontae a fheabhsú chomh maith le tacú le 2 thionscadal atá deartha chun tacú le cailíní sna déaga sa spórt:

- Forbraíodh Ceardlann Cóitseála do Chailíní chun tacú le agus oideachas a chur ar chóitseálaithe cailíní sna déaga. Is é aidhm an tionscadail uasoiliúint a chur ar chóitseálaithe chun timpeallachtaí dearfacha imeartha a chruthú dá gcuid imreoirí, agus ar an gcaoi sin ráta fágála ón spórt an chailín sna déaga a laghdú.
- Leantar le forbairt an tionscadail *Adolescent Girls Get Active*. Mar chuid den chéad chéim sa tionscadal seo rinneadh taighde ar chailíní neamhghníomhacha sna déaga agus fuarthas a ndearcadh i leith spóirt agus gníomhaíochta coirp. Aithníodh leis an taighde seo príomhphrionsabail freisin ar féidir le heagraíochtaí a ionchorprú ina gcláir chun cailíní a mhealladh nó a choinneáil sa spórt. Tá an tionscadal ag céim giniúna smaointe faoi láthair d'fhonn cabhrú cláir spóirt a chruthú a bheidh á reáchtáil in LSPanna ag baint úsáid as na prionsabail a aimsíodh sa taighde.

2. Feidhmíocht (Ag imirt agus ag iomaíocht ag leibhéal a oireann don chumas)

Cuireadh maoiniú €13.8m ar fáil do 58 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta Spóirt (NGBanna) chun a chur ar a gcumas a gcroíghníomhaíochtaí a dhéanamh chun spórt ar ardchaighdeán a sholáthar in Éirinn, lena n-áirítear riarachán, oideachas cóitseála agus óstáil agus páirt a ghlacadh in imeachtaí idirnáisiúnta.

Leithdháileadh €81.1m breise ar earnáil an Chomhlachta Rialaithe mar mhaoiniú COVID-19 i rith na bliana chun aghaidh a thabhairt ar aon bhagairt láithreach do NGBanna agus a líonraí clubanna, rud a chuir ar chumas eagraíochtaí spóirt aon chaillteanais shuntasacha a thabhaítear mar gheall ar an bpaindéim a fhritháireamh.

Chiallaigh an leibhéal méadaithe maoinithe go raibh Spórt Éireann in ann méadú a sholáthar d'fhormhór na gcomhlachtaí rialaithe feidhmíochta. Léirigh na méaduithe seo tábhacht náisiúnta gach spóirt, cáilíocht na gclár agus na n-oibríochtaí, leibhéil rannpháirtíochta san am a chuaigh thart,

san am i láthair agus san am a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith leis na deiseanna atá ar fáil chun saorálaíochas agus caipiteal sóisialta a mhéadú.

Fuair na NGBanna a raibh baint acu le spóirt tosaíochta mar snámh, rothaíocht agus rith €2.3m i gcroí-mhaoiniú in 2020 agus bhain siad leas freisin as maoiniú breise de €800,000 chun tacú leis na tionscnaimh *Get Ireland Running, Cycling and Swimming* trí Chistí um Chuntais Shláintiúla na hÉireann agus Díomhaoine. Is iad na spóirt tosaíochta a sholáthraíonn deiseanna do 50,000 rannpháirtí breise nach baill iad in aghaidh na bliana faoi mhaoiniú na gCuntas Díomhaoine. Tagann na rannpháirtithe seo ó réimsí faoi mhíbhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus oideachais chomh maith le daoine faoi mhíchumas.

3. Ardfheidhmíocht (Cumas na hÉireann a bhaint amach ag na leibhéil is airde iomaíochta).

Rinneadh €15.8m a infheistiú i spórt ardghníomhaíochta in 2020 a chuimsigh €2.46m i ndeontais do scothlúthchleasaithe Éireannacha faoin Scéim Cardála Idirnáisiúnta de chuid Spórt Éireann. Áiríodh ann freisin €8.5m do NGBnna chun a gcláir ardghníomhaíochta a sheachadadh agus €820,000 i maoiniú ardfheidhmíochta do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann.

Soláthraíodh €2.64m eile d'Institiúid Spórt Éireann le haghaidh seirbhísí tacaíochta ardghníomhaíochta le maoiniú breise €1.22m leithdháilte chun tacú le tionscadail shonracha i roinnt spórt agus iad ag ullmhú do Thóiceo.

Tar éis gur cuireadh spórt idirnáisiúnta ar fionraí i mí an Mhárta 2020 agus Cluichí Tóiceo a chur siar, bhí deiseanna teoranta ann do lúthchleasaithe dul san iomaíocht ar stáitse an domhain. Ó thaobh spóirt a fuair tacaíocht dhíreach ó Spórt Éireann, bhuaigh Éire 14 mhórbhonn ag comórtais ag leibhéal na hEorpa agus an Domhain ar fud réimse spóirt Oilimpeacha agus Parailimpeacha.

4. Rialachas Spórt Éireann (Forbairt earnáil spóirt an-éifeachtach a mbeidh tionchar aici ar fud na tíre)

Faoin mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018 -2027 (Gníomh 31), éilítear ar gach NGB an Cód Rialachais don Spórt a ghlacadh faoi dheireadh 2021. Le linn 2020 d'fhreastail go leor Comhlachtaí Rialaithe ar raon imeachtaí oiliúna saor in aisce ar fud na hearnála sa Rialachas.

In 2020, sheol Spórt Éireann Clár Tacaíochta Rialachais nua a bhaineann go sonrach le hearnáil dar teideal "Gov-Enhance". Tá Gov-Enhance ar fáil do bhainistíocht shinsearach agus do bhaill an Bhoird i gcomhlachtaí maoinithe ag Spórt Éireann, a bhfuil freagracht orthu an Cumas Rialachais a thógáil laistigh dá n-eagraíocht.

Sprioc: Forbairt Champas Spórt Éireann a éascú agus maoirseacht a dhéanamh air

Campas Spórt Éireann

Chríochnaigh Spórt Éireann athbhreithniú ar an Máistirphlean don Champas Náisiúnta Spóirt, rud a chuirfidh bonn eolais faoi fhorbairt an Champais sa todhchaí. Bhí comhairliúchán leis na comhlachtaí

spóirt i gceist leis an athbhreithniú seo chun na saoráidí a bhfuil gá leo a aithint chun tacú le forbairt leanúnach spórt na hÉireann ag leibhéil scothspóirt agus rannpháirtíochta. Críochnaíodh freisin céim dhearaidh imlíne an tionscadail chun Ionad Veileadróm agus Badmantan a thógáil ar an gcampas.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Áiseanna Spórt Éireann

Tá fochuideachta de chuid Spórt Éireann, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Áiseanna Spórt Éireann. freagrach as bainistíocht agus oibriú áiseanna Champas Spórt Éireann ó lá go lá. Bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar oibríochtaí ar an gCampas le linn 2020 agus mar thoradh air sin, bhí cuairteanna i bhfad níos ísle ná blianta roimhe seo. Thug 316,000 duine cuairt ar an Ionad Náisiúnta Uisce agus bhí 172,000 cuairteoir ag an Arena Laistigh Náisiúnta agus chuaigh 82,000 chuig na páirceanna sintéiseacha. Is ionann na huimhreacha seo agus laghdú 65% ar chuairteanna le linn 2019.

Sprioc Freagrachtaí na hÉireann a chomhlíonadh maidir le saincheisteanna spóirt ag leibhéal an AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta

Frithdhópáil

Feidhmíonn Spórt Éireann Clár Frithdhópála Spóirt na hÉireann agus leanann sé ag déanamh dul chun cinn i réimsí na tástála, an oideachais agus an taighde. Is cuid de chóras idirnáisiúnta é an Clár agus tá cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta air as sármhaitheas atá tábhachtach do spóirt agus lúthchleasaithe na hÉireann atá san iomaíocht ag na leibhéil is airde spóirt, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta.

Leanann an tAonad Frithdhópála ag feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde, mar is léir ón deimhniú ISO a coinníodh tar éis iniúchadh faireachais, agus ról ceannaireachta, ag a bhfuil tionchar, a imirt ag cruinnithe NADO agus WADA mar ghuth láidir don spórt glan agus eiticiúil. In 2020, chríochnaigh 5,000 úsáideoir an t-ardán ríomhfhoghlama frithdhópála ar líne do lúthchleasaithe agus pearsanra tacaíochta lúthchleasaithe. Lean Spórt Éireann ag cuidiú leis an nGrúpa Monatóireachta Choinbhinsiún Frithdhópála de chuid Chomhairle na hEorpa agus le Grúpaí Comhairleacha Chomhairle na hEorpa maidir le hOideachas agus Eolaíocht freisin.

D'fhreastail an tAonad Frithdhópála go fíorúil freisin ar roinnt cruinnithe CAHAMA de chuid Chomhairle na hEorpa agus chuidigh siad leo i rith na bliana. Thug Spórt Éireann aiseolas freisin don WADA maidir le roinnt litreacha agus cáipéisí teicniúla agus faoin Liosta Coiscthe 2021. D'fhreastail an tAonad Frithdhópála ar líon mór seimineár gréasáin a chuir WADA agus iNADO i láthair maidir le Cód Domhanda 2021 agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta athbhreithnithe agus nua a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

Sprioc Forbairt áiseanna spóirt ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a éascú, ag cinntiú go soláthraítear tacaíochtaí ar bhealach atá cothromaithe go réigiúnach agus a dhíríonn ar cheantair faoi mhíbhuntáiste

Clár Caipitil Spóirt

Is é an Clár Caipitil Spóirt an príomhbhealach tacaíochta Rialtais chun áiseanna spóirt a fhorbairt agus trealamh spóirt a cheannach do chlubanna agus d'eagraíochtaí spóirt ar fud na hÉireann. Le linn 2020 íocadh €26m le breis agus 1,000 deontaí, a leithdháileadh maoiniú orthu faoi bhabhtaí roimhe seo den Chlár. Fógraíodh babhta nua den chlár i mí na Nollag a tharraing 3,106 iarratas, faoin dáta deiridh i mí Márta 2021.

Ciste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála

Rinne an Beartas Náisiúnta Spóirt foráil do Chiste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála (LSSIF) nua le €100m ar a laghad ar fáil thar an tréimhse go dtí 2027. Dhírigh an ciste i dtosach ar riachtanais agus pleananna forbartha na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta spóirt agus údarás áitiúil. Tar éis próiseas measúnaithe mionsonraithe, fógraíodh na chéad leithdháiltí sealadacha arbh fhiú €82.4m iad i mí Eanáir 2020 do 32 iarratasóir rathúil.

Clár Linn Snámha na nÚdarás Áitiúil

Soláthraíonn Clár Linn Snámha na nÚdarás Áitiúil (LASPP) cúnamh deontais i dtreo chostais chaipitil linnte snámha nua nó athchóiriú linnte atá ann cheana. Go dtí seo tá 52 linn snámha críochnaithe agus rinneadh dul chun cinn suntasach in 2020 ar an linn snámha nua i Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath. Déanfar tionscadail linn snámha sa todhchaí a mheas le haghaidh maoiniú faoin gCiste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála (LSSIF).

Aonad na Mórimeachtaí

Príomhfheidhm de chuid Aonad na Mórimeachtaí, a bunaíodh in 2019, is ea beartas agus straitéis a fhorbairt chun na cineálacha mórimeachtaí spóirt is féidir linn agus ar cheart dúinn tairiscintí a dhéanamh ina leith a roghnú agus conas is féidir na himeachtaí seo a úsáid chun rannpháirtíocht i spóirt a mhéadú, turasóireacht intíre agus idirnáisiúnta a spreagadh, agus Éire a chur chun cinn agus leasanna an Stáit á gcosaint mar chuid den phróiseas seo. Go hachomair is féidir é seo a chur in iúl mar:

(i) Measúnú - measúnú a dhéanamh ar an gcás eacnamaíoch, spóirt agus sóisialta chun tacú le hiarratas chun Mórimeacht a óstáil
(ii) Tairiscintí - tacaíocht a thabhairt i leith tairiscintí le haghaidh Mórimeachtaí ag eagraíochtaí spóirt, go háirithe maidir le ráthaíochtaí Rialtais agus tacaíocht do sheirbhísí poiblí
(iii) Seachadadh - cuidiú le hóstáil agus seachadadh, nuair is iomchuí, go háirithe maidir le ráthaíochtaí Rialtais agus tacaíocht do sheirbhísí poiblí

EURO 2020

I mí an Mhárta 2020, mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda b'éigean do UEFA an comórtas EURO 2020 a chur siar, comórtas a bhí le reáchtáil i mí an Mheithimh 2020 ar fud 12 chathair, ó Bhaile Átha Cliath go Baku, ar feadh bliana.

Corn Ryder 2027

Tar éis plé leis an gCumann Gailf Gairmiúil (PGA) den Turas Eorpach, cheadaigh an Rialtas, i mí Iúil 2019, pacáiste tacaíochta airgeadais chun Corn Ryder 2026 a óstáil in Áth Dara, Co. Luimnigh. Tá grúpa stiúrtha curtha ar bun chun ullmhú don chomórtas atá curtha siar anois go 2027, tar éis do chomórtas 2020 a bheith curtha siar.

Corn Domhanda FIFA 2030

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2018, tá údarás rialtais na RA agus na hÉireann agus páirtithe leasmhara peile i mbun staidéar féidearthachta chun a chinneadh ar cheart tairiscint cúig chomhlachas a chur chun cinn do Chorn Domhanda 2030 FIFA. Rinneadh an obair seo, cé gur chuir an phaindéim moill air, i rith 2020.

Na Meáin

Sprioc E

Tacú le meáin tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais lucht féachana na hÉireann agus a sholáthraíonn timpeallacht rialála a thacaíonn le sábháilteacht ar líne agus le hearnáil meán saor in aisce, iolraíoch agus éagsúil in Éirinn.

11. Na Meáin

Caiteachas IOMLÁN de réir príomhréimse caiteachais, 2020



Bhí ról tábhachtach ag earnáil an Chraolacháin & na Meán ó thaobh teachtaireachtaí sláinte poiblí a chur in iúl agus tacú go ginearálta le leanúint ar aghaidh le saol an phobail agus tacú le sláinte mheabhrach an duine aonair i rith 2020. Cuireadh roinnt príomhthionscnamh beartais agus reachtaíochta chun cinn i rith na bliana.

An 8 Nollaig 2020, cheadaigh an Rialtas bailchríoch a chur le Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialáil Sábháilteachta agus Meán Ar Líne a bhunóidh Coimisiún Meán il-chomhalta, lena n-áirítear Coimisinéir Sábháilteachta Ar Líne, a dhéanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann a dhíscaoileadh, creataí rialála a bhunú le haghaidh sábháilteacht ar líne agus rialáil seirbhísí meán closamhairc, agus an Treoir athbhreithnithe um Sheirbhísí Meán Closamhairc (Treoir 2018/1808 / AE) a thrasuíomh.

Is é ról an Choimisinéara Sábháilteachta Ar Líne maoirseacht a dhéanamh ar chreat rialála maidir le sábháilteacht ar líne. Is é cuspóir an chreata rialála, a bhaineann le sábháilteacht ar líne, íoslaghdú a dhéanamh de réir a chéile ar chatagóirí sainithe áirithe d'ábhar díobhálach ar líne ar sheirbhísí rialaithe ar líne.

An Coimisiún um Thodhchaí na Meán

Tar éis don Taoiseach Coimisiún um Thodhchaí na Meán Seirbhíse Poiblí a fhógairt, an 29 Meán Fómhair 2020, chomhaontaigh an Rialtas téarmaí tagartha agus ballraíochta an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán. Ba é an tOllamh Brian MacCraith, iar-Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a bhí ina chathaoirleach ar an gCoimisiúin, agus bhí saineolaithe ann ó na meáin seirbhíse poiblí, iriseoireacht neamhspleách, na meáin shóisialta, ardáin teicneolaíochta nua, eacnamaíocht na meán, cultúr, teanga, ábhar cruthaitheach, rialachas agus dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Reáchtáladh cruinniú tionscnaimh an Choimisiúin an 29 Deireadh Fómhair 2020 agus cuireadh tús le próiseas rannpháirtíochta dearfach le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear craoltóirí, iriseoirí,

foilsitheoirí, na meáin réigiúnacha agus an pobal i gcoitinne. Mar thoradh ar an gcéad chéim de chomhairliúchán poiblí de chuid Choimisiún um Thodhchaí na Meán, a bhí ar siúl ón 12 Nollaig 2020 go dtí an 8 Eanáir 2021, fuarthas níos mó ná 800 aighneacht i scríbhinn ó ghrúpaí páirtithe leasmhara agus ón bpobal i gcoitinne.

Aistriú ó Bhanda 700 MHz

Cuireadh speictream raidió breise ar fáil le húsáid ag an earnáil leathanbhanda soghluaiste ar an mbanda 700MHz chun clúdach agus acmhainn líonra níos fearr a sholáthar, go háirithe i gceantair thuaithe. Cuireadh an tasc maidir le seirbhísí craolacháin a aistriú ón mbanda 700MHz i gcrích in 2020. Thug deireadh na Tréimhse Comhchraolta an 4 Márta 2020 le fios gur críochnaíodh an t-aistriú agus rinneadh íocaíochtaí deiridh go 2rn i mí Meitheamh 2020.

RTÉ

B'ionann fáltais an Cheadúnais Teilifíse do 2020 agus €222.55m agus fuair RTÉ €197.65m de sin. Caitheadh €36.117m den ioncam ar chláir mhaoinithe ón earnáil neamhspleách léiriúcháin teilifíse agus raidió. Bhí sé seo €3.7m faoi bhun an cheanglais reachtúil mar thoradh ar shrianta COVID-19 a chuir cosc ar an bpróiseas scannánaíochta agus léiriúcháin agus an t-iarmhéid gan íoc a tugadh ar aghaidh le húsáid le haghaidh léiriúcháin neamhspleácha in 2021. Fuarthas maoiniú breise €10m ón státchiste faoin scéim ceadúnais teilifíse saor in aisce, agus leithdháileadh €9.3m ar RTÉ. Cuireadh riachtanais tuairiscithe nua i bhfeidhm i gcomhar le NewERA le linn 2020.

Aschuir

#	Teideal an Táscaire	Seachadadh faoi dheireadh 2020
1	Clúdach sheirbhísí uile RTÉ i measc daoine fásta 18+	95%
2	Sciar an raidió ar feadh an lae (daoine fásta 15+)	31.7%
3	Sciar teilifíse an lá ar fad (daoine fásta 15+)	27.7%
4	Líon uaireanta an chloig d'ábhar ar RTÉ One & RTÉ 2 a cruthaíodh sa bhaile	6,030
5	Caiteachas RTÉ ar chláir teilifíse agus raidió a léiríodh go neamhspleách	€36.5m
6.	Meán uimh. uaireanta craolta de chláir Ghaeilge in aghaidh an lae	12.24

Tionchar

#	Teideal an Táscaire	2020	2019	2018
1	Líon na gclár nua teilifíse agus raidió agus tionscadail nua a sholáthróidh réimse leathan clár nua pobail agus raidió áitiúil a rachaidh chun leasa pobail agus lucht féachana áitiúil, a tairgeadh maoiniú trí Scéim Fuaime agus Físe an Chiste Craolacháin	235	241	256
2	Meánlíon uaireanta an chloig de chláir theilifíse a léiríodh in Éirinn (RTÉ)	6,030	5,687	5,831

TG4

Fuair TG4 €39.13m maoiniú ón státchiste (€34.23m Reatha, €3m Caipiteal agus €1.9m Maoiniú Breise COVID-19) in 2020 chun gealltanais clár a mhaoiniú, lena n-áirítear cláir arna léiriú ag an earnáil neamhspleách léiriúcháin. Rinne TG4 12.24 uair an chloig ar an meán de chláir Ghaeilge a chraoladh in aghaidh an lae. Fuarthas €1.9m chun costais bhreise shonracha COVID-19 a íoc de bharr laghdú ar ioncam tráchtála mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch reatha, agus caiteachas breise arna thabhú ag TG4 mar thoradh ar an bpaindéim.

Ciste Craolacháin

In 2020, fuair an BAI €21.78 milliún (€14.88m ó fháltais ó tháillí ceadúnais teilifíse, €2m ón bPacáiste Spreagtha poist mhí Iúil agus maoiniú forlíontach státchiste de €4.9m). Chuir sé seo maoiniú agus tacaíocht airgeadais ar fáil do 235 clár raidió agus teilifíse ar ardchaighdeán bunaithe ar chultúr agus oidhreacht na hÉireann faoin Scéim Fuaime agus Físe 4 le linn 2020 agus soláthrófar tacaíocht bhreise don earnáil le linn 2021. Ina theannta sin, mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar an earnáil go luath in 2020, tharscaoil an BAI an Tobhach Craolacháin sa chéad leath de 2020. Leithdháileadh €137,500 eile ar an gciste cartlainne i rith na bliana.

Comhoibriú Thuaidh-Theas

Sprioc F

Comhoibriú Thuaidh-Theas a chur chun cinn, laistigh de chomhthéacs Thionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais, go háirithe i gcomhthéacs obair An Foras Teanga agus Turasóireacht Éireann.

12. Comhoibriú Thuaidh-Theas

Sprioc F: Comhoibriú Thuaidh Theas a chur chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs an Fhorais Teanga

Fuair An Foras Teanga maoiniú €13.383m chun an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné den saol ar fud an oileáin agus chun feasacht níos mó ar theanga agus ar chultúr na hUltaise a chur chun cinn. Faigheann an Comhlacht seo maoiniú freisin ón Roinn Pobail.

Straitéis 1: Dul i dteagmháil leis na Ranna cómhaoinithe i dTuaisceart Éireann chun tacú le hobair na bhForais Feidhmithe Thuaidh/Theas

Rannpháirtíocht leanúnach leis na Ranna cómhaoinithe i dTuaisceart Éireann chun tacú le hobair an dá Fhoras Feidhmithe Thuaidh / Theas, An Foras Teanga

In 2020, lean an teagmháil leis an Roinn Pobail i dTuaisceart Éireann chun tacú le hobair an Chomhlachta Forfheidhmithe Thuaidh/Theas, An Foras Teanga.

Tionóladh ceithre chruinniú monatóireachta maidir leis An Foras Teanga in 2020. Rinneadh cumarsáid leanúnach rialta le Roinn Urraithe an Tuaiscirt agus leis na gníomhaireachtaí mar chuid den chreat ginearálta maoirseachta agus rialachais.

Bhí an tAire Stáit Jack Chambers TD, ina chathaoirleach ar Chruinniú Earnála an Chomhlachta Teanga de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar an 27 Samhain. Ceadaíodh Pleananna Gnó agus Pleananna Corparáideacha an Chomhlachta Teanga agus ainmníodh Bord an Chomhlachta Teanga.

Tá an Roinn tiomanta do chomh-mhaoiniú agus tacú leis An Foras Teanga (a chuimsíonn Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch) agus cuidiú leis an gComhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas seo a fheidhmeanna a chomhlíonadh i gcomhthéacs Aoine an Chéasta agus Comhaontuithe Naomh Andrew. Tá Foras Teanga cuntasach don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC) agus do na hAirí sna Ranna Urraíochta, ie an Roinn seo agus an Roinn Pobail (DfC) i dTuaisceart Éireann.

Comhlíonann Foras na Gaeilge na freagrachtaí ainmnithe go léir maidir leis an nGaeilge, lena n-áirítear forbairt na Gaeilge a éascú agus a chur chun cinn sa réimse poiblí agus príobháideach.

Tá freagracht ar Tha Boord o Ulstèr-Scotch as forbairt na hUltaise, lena n-áirítear feasacht níos mó agus úsáid na teanga agus saincheisteanna cultúrtha na hUltaise a chur chun cinn.

Tá a mboird féin ag Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr Scotch, arb iad a mbaill le chéile bord An Foras Teanga.

An Foras Teanga

I measc bhuaicphointí an chláir oibre in 2020 bhí comóradh 20 bliain ó bunaíodh Foras na Gaeilge agus an chéad sárú riamh ar an tairseach úsáideora uathúil dhá mhilliún le foclóir.ie (2.4m úsáideoir uathúil in 2020 i gcomparáid le 2.1m úsáideoir in 2019).

Chuir paindéim COVID-19 dúshláin roimh earnáil na Gaeilge maidir le pobal na Gaeilge, oideachas, gnó agus na healaíona. Cé go raibh tionchar ag COVID-19 ar ualach oibre fhoireann iomlán Fhoras na Gaeilge agus faighteoirí deontais, chinntigh comhoibriú i measc páirtithe leasmhara gur cuireadh socruithe i bhfeidhm chun oiriúnú do na dúshláin a tháinig chun cinn.

- Rinne Foras na Gaeilge an infheistíocht is mó san earnáil phobail in 2020. Caitheadh €8.5m ar infheistíocht phobail trí na sé phríomh-eagraíocht Gaeilge, Scéim Pobal Gaeilge, chomh maith le scéimeanna scoláireachta óige, oideachais, ealaíon agus spóirt.
- Sheol an tUachtarán Michael D. Higgins an chéad mhórfhoclóir Gaeilge le seasca bliain, an Concise English Irish Dictionary. Tá an-éileamh ar an bhfoilseachán agus tá os cionn 5,000 cóip díolta ó Mheán Fómhair 2020.
- Tháinig méadú ar líon na n-úsáideoirí ar shuíomhanna Gréasáin Foras na Gaeilge: 2.4 milliún úsáideoir ar focloir.ie (suas 13% ó 2019), 2.4 milliún úsáideoir ar teanglann.ie (suas 26% ó 2019) agus 560,000 úsáideoir ar tearma.ie (suas 17% ó 2019)
- I réimse na pleanála teanga, ceadaíodh pleananna do chúig líonra Gaeltachta agus do Bhaile Seirbhíse amháin ar an oileán do na seacht mbliana atá romhainn.
- Tháinig méadú 8% ar dhíolacháin leabhar ÁIS i gcomparáid le 2019 agus dáileadh 200,000 leabhar ar níos mó ná 250 siopa leabhar ar fud na tíre agus thar lear.
- D'fhoilsigh an dáréag foilsitheoir Gaeilge, a fuair tacaíocht tríd an Scéim Foilsitheoireachta, seachtó a dó leabhar in 2020.
- Bunaíodh an suíomh Gréasáin, **leitheoiri.ie** i bpáirtíocht le Comhar chun pobal léitheoireachta na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt.
- Taispeánann 21.6 milliún imprisean go bhfuil tionchar mór déanta ag feachtas tras-ardán #LeChéile ar an bpobal ar líne. Tháinig méadú 468% ar líon na hamhairc ar chuntais Foras na Gaeilge ar na meáin shóisialta mar thoradh ar an bhfeachtas a thacaigh le pobal na Gaeilge sa bhaile le linn na dianghlasála.
- Foilsíodh i mbliana an chéad mhórfhoclóir Gaeilge le seasca bliain, agus tá an-áthas orainn a fhógairt gur díoladh os cionn 5,000 cóip de.
- Chuir Cathaoirleach gníomhach Fhoras na Gaeilge, Barra Ó Muirí, fáilte roimh cheapacháin a rinne an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas thar ceann an dá rialtas: Liadh Ní Riada, Kevin O'Hara, Caoimhín Mac Giolla Mhín, Dominic Ó Brolcháin, Liam Rushe, Waraola Majekodunmi, Neasa Ní Chiaráin agus Dáithí Mac Cárthaigh agus roimh athcheapadh Sorcha Ní Chéidigh agus Máire Ní Neachtain.

Gníomhaireacht na hUltaise

In 2020, d'oibrigh Gníomhaireacht na hUltaise chun seachadadh clár a choinneáil ag imeacht agus tacú le pobail Ultaise ar fud Uladh chun éifeachtaí COVID-19 ar ghníomhaíocht chultúrtha a mhaolú. I measc na bpríomhéachtaí le linn na tréimhse bhí:

- Tacú le 22 bunscoil timpeall Uladh chun páirt a ghlacadh i gclár Scoileanna Suaitheanta Ultaise.
- Ag obair ar dhá thionscadal shuntasacha a sheachadadh a sholáthraíonn léirmhíniú ar oidhreacht Ultaise ag ionad Gobbins do chuairteoirí i gContae Aontroma agus i dTeach Uachtaráin Ulysses S. Grant i gContae Thír Eoghain.
- Raon acmhainní agus deiseanna foghlama ar líne a fhorbairt, lena n-áirítear na chéad cheardlanna scoile tras-Atlantacha riamh idir scoileanna i gCúige Uladh agus Maine, SAM, ag díriú ar sheandálaíocht ag suíomhanna lonnaíochta Albanach-Éireannach.
- Seoladh gearrscannáin, *From Ulster to Savannah*, i bhFoirgnimh na Parlaiminte, Béal Feirste, inar léiríodh rath comhthionscadal ceannródaíoch idir an Ghníomhaireacht agus an dá riarachán ar an oileán chun tacú le rannpháirtíocht Buachaillí Protastúnacha na hÓmaí, ó thraidisiún ceoil na hUltaise, chun páirt a ghlacadh i gceann de na paráidí is mó Lá Fhéile Pádraig sna Stáit Aontaithe.
- Réimse foilseachán a chur le chéile ar ghnéithe éagsúla de theanga, oidhreacht agus cultúr na hUltaise, lena n-áirítear *Belfast's Bonnie Burns*, a sheol an Aire Pobail Deirdre Hargey MLA i Halla na Cathrach i mBéal Feirste le linn Sheachtain Burns.

Gnóthaí Corparáideacha

13. Gnóthaí Corparáideacha

Tionscadal Éireann 2040 - Plean Infheistíochta Caipitil

Sa Roinn nua-athchumraithe tugtar le chéile réimsí éagsúla clár, lena n-áirítear Turasóireacht, Cultúr, Teanga agus Spórt. Cuireann na pleananna infheistíochta caipitil faoi Thionscadal Éireann 2040 ar ár gcumas smaoineamh go straitéiseach ar fud na réimsí seo chun bonneagar a sholáthar a ligfidh dúinn:

- Tacú le agus forbairt a dhéanamh ar fheidhmíocht eacnamaíoch ár n-earnálacha;
- Feabhas a chur ar ár bhfolláine ag leibhéil aonair agus shochaíocha; agus,
- Ár dtimpeallacht, ár gcultúr agus ár dteanga a chothú agus a chosaint.

Lean an Roinn ag cruthú comhpháirtíochtaí láidre le seachadadh ar fud a cláir caipitil, ag obair go dlúth le comhpháirtithe sna NClanna, san OPW, agus i Ranna Rialtais eile.

Le linn 2020, rinneadh dul chun cinn suntasach ar chlár infheistíochta céimnithe na Roinne sna hInstitiúidí Náisiúnta Cultúir, maidir le tuarascálacha measúnaithe straitéiseacha agus réamhchásanna gnó a fhorbairt do thionscadail shuntasacha in Amharclann na Mainistreach, sa Cheoláras Náisiúnta agus i Leabharlann Chester Beatty, i measc nithe eile. Ina theannta sin, rinneadh go leor oibre sna tionscadail seo a leanas:

- Tionscadal athfhorbartha na Cartlainne Náisiúnta a chur chun cinn tríd an bpróiseas tairisceana chun Stór Cartlainne slán, rialaithe ó thaobh an comhshaoil de, a sholáthar chun na cartlanna náisiúnta a chosaint sa todhchaí;

- Músaem Stair an Dúlra a ghlanadh amach mar chuid de na hoibreacha ullmhúcháin chun an músaem a athchóiriú agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna struchtúracha agus comhshaoil agus tacar dánlanna agus saoráidí coimhdeacha atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar;

- Athfhorbairt Sciathán Thiar na Leabharlainne náisiúnta mar chuid den dara céim de thionscadal caipitil ceithre chéim chun an leabharlann a uasghrádú, a leathnú agus a athchóiriú.

Bhí ról tábhachtach ag an Roinn freisin i dtacú agus i spreagadh geilleagair áitiúla trína tacaíocht d'fhorbairt fiontar le Údarás na Gaeltachta, infheistíocht san earnáil closamhairc trí Fís Éireann agus forbairt ar thionscal na Turasóireachta le Fáilte Ireland.

In 2020, cuireadh Plean Infheistíochta Caipitil na Roinne chun cinn trí bhonneagar Cultúir agus Spóirt a fhorbairt ar fud na tíre faoi scéimeanna caipitil éagsúla lena n-áirítear; an Scéim Tacaíochta um Fheabhsú Caipitil Ealaíon & Cultúir (ACCESSII) agus an Scéim Chaipitil Ealaíon agus Cultúir, an Ciste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála, agus an Clár Caipitil agus Trealamh Spóirt.

Aonad Tacaíochta COVID-19

Bhí tionchar an-suntasach ag paindéim COVID-19 ar ról na Roinne thar líon leathan réimsí. Ó thús mhí an Mhárta thug an Roinn tús áite dá cuid oibre chun tacú le freagra iomlán an Rialtais ar an bpaindéim agus chun cúnamh a sholáthar do na hearnálacha éagsúla faoi shainchúram na Roinne. Ag obair le páirtithe leasmhara, bhí ról lárnach ag an Roinn chun a chinntiú gur tugadh raon beart isteach chun tacú leis na hearnálacha éagsúla le linn 2020, mar fhreagra ar COVID-19. Rinne an tAire

méadú suntasach ar an maoiniú do na gníomhaireachtaí éagsúla, agus leis na gníomhaireachtaí seo cuireadh maoiniú ar fáil do na hearnálacha trí thionscnamh éagsúla. Sheol an Roinn roinnt scéimeanna trínar dáileadh airgead go díreach ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí a raibh tionchar díreach ag an bpaindéim ar a slí beatha.

Bunaíodh Aonad Tacaíochta COVID-19 chun tacaíocht a sholáthar laistigh den Roinn agus do pháirtithe leasmhara seachtracha. D'fhorbair an Roinn roinnt tionscnamh chun a chinntiú go raibh treoir agus comhairle ar fáil go héasca do na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí a mhaoinigh an Roinn.
Chomhordaigh an t-aonad ionchur na Roinne ar COVID-19 le Ranna Rialtais eile, lena n-áirítear an Roinn Sláinte maidir le Rialacháin COVID-19 agus Roinn an Taoisigh maidir le plean Maireachtáil le COVID-19. D'éascaigh an tAonad Tacaíochta COVID-19 sreafaí faisnéise a bhaineann le COVID-19 ar fud na Roinne trí ghrúpaí oibre éagsúla.

Acmhainní Daonna

Ba é 339 líon na ndaoine sa Roinn ag deireadh 2020 (Mná 201, Fir 138). Léiríonn an líon foirne seo na hathruithe suntasacha foirne a tharla tar éis athstruchtúrú na Roinne i mí Meitheamh 2020 tar éis bhunú an Rialtais nua.
Rinneadh athstruchtúrú ar Ranna le linn tréimhse inar iarradh ar bhaill foirne oibriú ón mbaile de réir threoirlínte an Rialtais. Bhí cumarsáid rialta leis an bhfoireann agus treoir agus tacaíocht do bhainisteoirí líne ríthábhachtach chun naisc a choinneáil suas agus d'aistrigh an fhoireann AD a fócas ar thacaíocht ar líne a sholáthar mar atá le feiceáil sa chuid seo a leanas. Reáchtáladh seisiúin sheachtainiúla faisnéise foirne go fíorúil sa ráithe dheiridh den bhliain chun fáilte agus tacaíocht a thabhairt do na daoine nua a tháinig isteach agus chun aistriú eolais idir comhghleacaithe nua a éascú.

Athnuachan na Státseirbhíse (CSR)

Tá aonad tiomnaithe ag AD agus tá sé ag obair chun príomhthionscnaimh faoi CSR a sheachadadh, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse. Bhí ráta rannpháirtíochta 93% i Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse 2020. Foilsíodh torthaí an tSuirbhé in 2021. D'éirigh go maith leis an Roinn in Imeacht Aitheantais Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2020 don tionscadal dar teideal “Cultúr, Cruthaitheacht agus Folláine” faoin gcatagóir “Sármhaitheas i Seirbhís do Chustaiméirí”.

Sláinte agus Folláine.

Dhírigh clár tionscnamh, a seachadadh le linn 2020, ar shláinte foirne, tacú le sláinte mheabhrach agus athléimneacht, folláine choirp, folláine shóisialta agus folláine airgeadais a thógáil. Nuair a cuireadh srianta COVID-19 i bhfeidhm, cuireadh béim níos mó ar thacú le baill foirne déileáil le hoibriú agus oiriúnú don chianobair agus tacú le bainisteoirí cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann agus leis na foirne a bhí ag obair go cianda.

Lean an Roinn ag déanamh teagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le Ranna eile na Státseirbhíse chun Creat Sláinte agus Folláine na Státseirbhíse a fhorbairt. Tacóidh an creat seo le Ranna atá ag forbairt cláir Sláinte agus Folláine agus foilsíodh é in 2021.

Ionchorpraíodh na nithe seo a leanas sna tionscnaimh a seachadadh:

- Seimineáir gréasáin agus clár fógraí faoi shláinte agus leas na foirne lena n-áirítear sláinte mheabhrach, aclaíocht, cothú agus déileáil le freagrachtaí cúram leanaí;
- Modúil OneLearning ar Chianobair, cianobair do Bhainisteoirí, Folláine Oibrithe a sholáthraíonn Seirbhísí Riachtanacha, agus Cruinnithe Fíorúla a eagrú agus a óstáil;
- Feachtais Náisiúnta a chur chun cinn lena n-áirítear In this Together, Healthy Ireland agus Minding your Mental Health;
- Tacaíochtaí agus acmhainní atá ar fáil trí Sheirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse;
- Treoir maidir le bheith ag obair ón mbaile go sábháilte lena n-*áirítear "Home-working on a Temporary basis COVID-19"* de chuid an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta;
- Sláinte foirne a thairgeann vacsaínithe fliú don fhoireann, Seimineáir gréasáin maidir le Sláinte na bhFear agus na mBan (Feasacht ar Ailse Chíche, Ailse uiríoch agus Phróstatach)
- Seimineáir gréasáin ag tacú le folláine airgeadais ó MABS, Comhar Creidmheasa na Seirbhíse Poiblí agus Cumann Cairdiúil na Seirbhíse Poiblí

Foghlaim agus Forbairt

Le linn 2020, reáchtáladh raon gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha lena n-áirítear cúrsaí oiliúna foirmiúla, cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus cláir forbartha tallainne. Bhí tionchar suntasach ag srianta COVID-19 ar sholáthar oiliúna agus cuireadh cúrsaí sa seomra ranga ar atráth ón 13 Márta 2020. Chuir na srianta dlús leis an aistriú go cianfhoghlaim, agus bhí líon méadaitheach cúrsaí ar fáil i rith 2020, lena n-áirítear cúrsaí sainiúla COVID-19 agus roinnt cúrsaí atá ann cheana le OneLearning, cúrsaí oiliúna foirmiúla arna n-eagrú ag aonad L&D, rochtain ar chláir agus comhdhálacha/seimineáir ghréasáin um fhorbairt tallainne.

Aonad Cumarsáide agus Teicneolaíochta Faisnéise (TFC)

Is é cuspóir an Aonaid Cumarsáide agus Teicneolaíochta Faisnéise (TFC) seirbhísí a fhorbairt go leanúnach chun ionchais na gcustaiméirí a chomhlíonadh agus a shárú agus cur le rath na Roinne trí thacaíocht ghairmiúil TF tráthúil, ar ardchaighdeán a sholáthar go comhsheasmhach ag gach teagmháil le custaiméirí, mar bhonn agus taca le plean straitéiseach TF na Roinne. Oibríonn an tAonad TFC le gach Rannán sa Roinn chun a chinntiú go bhfreastalaíonn a líne chórais ghnó agus a bhfeidhmchláir tacaíochta ar a riachtanais aonair agus ar riachtanais a gcustaiméirí.

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, d'éirigh leis an Aonad TFC an t-aistriú chuig cianobair a dhéanamh tríd an trealamh agus an cumas rochtana a sholáthar do thart ar 700 ball foirne Roinne chun feidhmiúlacht oibríochtúil leanúnach na Roinne a chumasú.

Tar éis feidhmeanna na Roinne a athchumrú, chuir Aonad TFC na Roinne tionscadail shuntasacha i gcrích chun na haonaid agus an fhoireann isteach a aistriú chuig líonra na Roinne.

Aonad Meastóireachta

Tá an Roinn tiomanta do chultúr cinntí agus beartais, atá bunaithe ar fhianaise, a chothú, sa Roinn agus inár nGníomhaireachtaí Stáit araon. Chuige sin sheol an tAonad Meastóireachta sraith suirbhéanna in 2020 chun sonraí a sholáthar maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar na hearnálacha a dtacaíonn an Roinn leo. Ina theannta sin, chríochnaigh an t-aonad páipéar taighde, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le Buiséad 2021, maidir leis an dá bhagairt, an Bhreatimeacht agus COVID-19, do gheilleagar na Gaeltachta.

Aonad Airgeadais

Is é ról na Rannóige Airgeadais a chinntiú go bhfuil na hacmhainní airgeadais ag an Roinn chun a cuid aidhmeanna a bhaint amach, monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar na hacmhainní sin agus a chinntiú go ndéantar infheistíochtaí i bpríomh-bhonneagar eacnamaíoch agus sóisialta go tráthúil agus go cuí.

Tacaíonn an tAonad Airgeadais le Rannáin lena gcuid gníomhaíochtaí airgeadais a dhéanamh ó lá go lá ar bhealach iomchuí agus éifeachtúil lena chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Tá an t-aonad Airgeadais freagrach freisin as ullmhú agus comhordú Meastachán do Vóta na Roinne ag féachaint do thosaíochtaí leithdháilte acmhainní. Áirítear leis seo bainistíocht airgeadais caiteachais agus admhálacha don Roinn chomh maith le tuairisciú rialta go hinmheánach agus go seachtrach. Ullmhaíonn an tAonad Airgeadais an Cuntas Leithreasa bliantúil chomh maith le seisiúin faisnéise maidir le láithris éagsúla de chuid an Oireachtais. Soláthraíonn an t-aonad Airgeadais feidhm maoirseachta soláthair don Roinn freisin.

In 2020, tar éis Feidhmeanna a Aistriú, chuir Aonad Airgeadais na Roinne tionscadail shuntasacha i gcrích chun gníomhaíochtaí Turasóireachta, Spóirt agus na gCuntas Meán agus Meastacháin a aistriú chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán chomh maith le haistriú na nGníomhaíochtaí Cuntais agus Meastachán don Rannán Oidhreachta chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Rannán Oileán chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Cumarsáid

Lean an tAonad Cumarsáide lena thiomantas chun cuspóir an Rialtais a sheachadadh: "*Feabhas mór a chur ar chumarsáid agus ar rannpháirtíocht leis an bpobal*"(Ár Seirbhís Phoiblí 2020: Gnímh 4) le linn 2020 chuir an tAonad Cumarsáide tacaíocht ar fáil do gach réimse den Roinn ó thaobh cumarsáid le páirtithe leasmhara agus cumarsáid inmheánach laistigh den Roinn.

Preasoifig agus Digiteach

D'eisigh an Preas-Oifig thart ar 187 Preasráiteas agus Ráiteas Roinne i rith na bliana. Díobh seo, eisíodh 85% go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

I rith 2020, bhí na meáin shóisialta ina gcainéal ríthábhachtach le haghaidh cumarsáid shoiléir leis an bpobal i gcoitinne, agus le páirtithe leasmhara a raibh tionchar ag srianta na paindéime orthu. Dhírigh an Roinn go láidir ar chumarsáid a dhéanamh ar bhealaí fiúntacha agus tarraingteacha ar fud na gcainéal meán sóisialta, agus d'fhás líon na leantóirí go láidir dá bharr. Tháinig méadú 47% ar líon na leantóirí ar Twitter go 13,107 duine, tháinig méadú faoi dhó ar líon na leantóirí ar Facebook (méadú 147%) go 9,417 agus tháinig méadú faoi thrí ar líon na leantóirí ar Instagram (suas 296%) go 7,636 in 2020. Seoladh na cuntais Facebook agus Instagram i lár 2019.

Ina theannta sin, cuireadh scéimeanna agus cláir a fhaigheann tacaíocht ón Roinn, agus atá sruthaithe go digiteach, mar Ireland Performs, Other Voices, Cruinniú na nÓg, chun cinn don phobal ar fud ardáin meán shóisialta na Roinne.

Le linn an tsamhraidh sa bhliain 2020, d'aistrigh an Roinn a láithreacht gréasáin ar líne chuig láithreán gov.ie an Rialtais (https://www.gov.ie/en/organisation/Department-of-tourism-culture-arts-gaeltacht-sport-and-media/) cosúil le go leor Ranna eile, ag tairiscint rochtain díreach ar bheartais, foilseacháin, faisnéis chláir agus pointí teagmhála na Roinne.

Cumarsáid Inmheánach

Bhí tábhacht faoi leith ag baint le Cumarsáid Inmheánach i rith 2020. Bhog an fhoireann go léir go dtí obair ón mbaile i mí an Mhárta 2020, de réir bheartas an Rialtais. Baineadh úsáid as ardáin físchomhdhála chun dlúth-theagmháil a choinneáil le comhghleacaithe. Rinneadh suirbhé ar an bhfoireann faoi dhó in 2020, d'eisigh an fhoireann Cumarsáide ríomhphoist rialta foirne lena chinntiú go ndéanfaí comhghleacaithe a nuashonrú ar fhorbairtí a bhain le COVID-19, agus cruthaíodh agus scaipeadh nuachtlitir inmheánach "Coicíseán" ar an bhfoireann gach coicís i rith na bliana.

Aonad Rialachais agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Roinn tiomanta seirbhís ar ardchaighdeán, éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar dá custaiméirí. Tá Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí agus Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí na Roinne ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

Cuireadh isteach go mór ar obair an Aonaid Seirbhísí Oifige a bhfuil freagracht air as saincheisteanna cóiríochta agus sláinte agus sábháilteachta in 2020. Bhí ról ceannais ag an aonad i soláthar Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) don fhoireann, lena n-áirítear díghalráin, ceirtíní, srl., mar fhreagairt ar an ráig COVID-19. Chuir foireann an Aonaid tacaíocht thábhachtach ar fáil do chomhghleacaithe, lena n-áirítear próiseáil pras íocaíochtaí agus dul chun cinn aistriú feidhmeanna idir Ranna i gcúinsí dúshlánacha.

De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh chuaigh an tAonad i dteagmháil le haonaid líne agus iad ag pleanáil filleadh ar obair san oifig agus ag obair freisin le comhghleacaithe in aonaid AD agus TFC chun tacú le baill foirne a raibh orthu obair ón mbaile.

Bhí páirt ghníomhach ag an Aonad Rialachais Chorparáidigh ag aistriú feidhmeanna laistigh agus lasmuigh den Roinn agus ag nuashonrú an struchtúir chorparáidigh chun athdháileadh róil Aireachta agus reachtúla a léiriú tar éis bhunú na Roinne nua. Leis an obair seo bhí dlúthchaidreamh leis na Ranna eile lena mbaineann, comhairleoir dlí na Roinne agus oifig an Ard-Aighne agus bhí sé fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

I rith 2020 fuair an Roinn 156 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Díobh seo, deonaíodh fiche hocht ina n-iomláine, deonaíodh caoga a dó go páirteach, agus diúltaíodh tríocha a hocht. Maidir le ceithre iarratas is fiche, tarraingíodh siar, aistríodh nó láimhseáladh iad lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise. Bhí na ceithre chás déag eile fós gníomhach ag deireadh na bliana. Fuair an Roinn seacht n-iarratas faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol in 2020. Díobh seo, deonaíodh ceann amháin ina iomláine, deonaíodh cúig cinn go páirteach, diúltaíodh do cheann amháin agus láimhseáladh ceann acu lasmuigh de rialacháin AIE.

Cosaint Sonraí

Leanann an Roinn ag athbhreithniú a cuid cleachtas nuair a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun comhlíonadh reachtaíochta um chosaint sonraí a chinntiú.

Rinneadh oiliúint ar chosaint sonraí in 2020 don fhoireann go léir agus mar thoradh air seo tá feasacht mhéadaithe ar fud na Roinne ar phrionsabail na cosanta sonraí agus ar chosaint sonraí pearsanta. Áiríodh leis seo próiseáil éifeachtach sonraí pearsanta le haghaidh cianobair. Chuir an oiliúint ar chumas na foirne próiseáil sonraí pearsanta a bhainistiú go héifeachtach agus faisnéis chuí a sholáthar do Thaifead Gníomhaíochtaí Próiseála na Roinne, de réir Airteagal 30 den GDPR.

Iarratas duine ar a shonraí

Fuair an Roinn sé Iarratas duine ar a shonraí agus measadh go raibh cúig cinn acu bailí. Díobh seo, deonaíodh ceann amháin ina iomláine, deonaíodh péire go páirteach agus diúltaíodh don dá cheann eile ar an mbonn nár coinníodh aon taifid a bhain leis an iarraidh.

Sáruithe Sonraí

Bhí naoi sárú sonraí sa Roinn in 2020. Measadh go raibh riosca nialasach nó riosca íseal le hocht gcinn, agus mar sin níor ghá iad a thuairisciú don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Cuireadh sárú amháin faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus réitíodh é chun sástacht na hoifige sin.

Aguisín 1: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

An Chartlann Náisiúnta
An Ceoláras Náisiúnta
Dánlann Náisiúnta na hÉireann
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann
Leabharlann Chester Beatty
Gailearaí Ealaíne Crawford
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann
Turasóireacht Éireann
Fáilte Ireland
An Chomhairle Ealaíon
Fís Éireann
An Coimisinéir Teanga
Foras Teanga
Údarás na Gaeltachta
Spórt Éireann
Údarás Craolacháin na hÉireann
RTÉ
TG4

Aguisín 2: Caiteachas 2020

FOTHEIDE	TEIDEAL	TORADH
	Riarachán	**€'000**
i	Tuarastail, pá agus liúntais	17,679
ii	Taisteal agus Liúntais Chothaithe	155
iii	Costais Oiliúna agus Forbartha agus Theagmhasacha	401
iv	Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	348
v	Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF	2,143
vi	Costais Áitribh Oifige	362
vii	Seirbhísí Comhairleoireachta agus Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe ar Bheartais	196
	IOMLÁN	**21,284**
	Seirbhísí Turasóireachta	
A.1	Riarachán – pá	1,713
A.2	Riarachán - neamhphá	357
A.3	Fáilte Ireland	81,533
A.4	Turasóireacht Éireann Teoranta	16,239
A.5	Ciste Margaíochta Turasóireachta	46,823
A.6	Forbairt Táirgí Turasóireachta	42,961
	IOMLÁN	**189,626**
	NA hEALAÍONA AGUS CULTÚR	
B.1	Riarachán – pá	7,747
B.2	Riarachán - neamhphá	1,391
B.3	Íocaíochtaí chun acmhainní a ghineann an Chartlann Náisiúnta a mheaitseáil	25
B.4	Costais ghinearálta Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta agus na Cartlainne Náisiúnta	938
B.5	Costais ghinearálta Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Ceoláras Náisiúnta agus Gailearaí Crawford	13,912
B.6	Músaeim réigiúnacha, dánlanna, ionaid chultúrtha agus tionscadail	20,862
B.7	Bonneagar agus forbairt chultúrtha	22,458
B.8	Cultúr Éireann	4,368
B.9	An Chomhairle Ealaíon (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta)	105,002
B.10	Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann	14,259
B.11	Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	7,915
B.12	Fís Éireann / Screen Ireland	24,066
B.13	Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	10,657
B.14	Cathair Chultúir na hEorpa	7,100
B.15	Deich mBliana na gCuimhneachán 1912 - 1922	1,330

	IOMLÁN	**242,030**
	An Ghaeilge agus an Gaeltacht	
C.1	Riarachán – pá	4,336
C.2	Riarachán - neamhphá	1,047
C.3	Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta	9,740
C.4	Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta)	6,492
C.5	An Coimisinéir Teanga	821
C.6	Údarás na Gaeltachta - riarachán	10,852
C.7	Údarás na Gaeltachta – caiteachas an chláir reatha	4,250
C.8	Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscnaimh agus caiteachas chaipitil ar áitreabh	13,275
C.9	Comhoibriú Trasteorann	12,585
C.10	Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030	2,819
	IOMLÁN	**66,217**
	Spórt agus Seirbhísí Áineasa	
D.1	Riarachán – pá	2,419
D.2	Riarachán – neamhphá	344
D.3	Deontais do chomhlachtaí spóirt agus saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta)	26,171
D.4	Deontais chun linnte snámha a sholáthar agus a athchóiriú	-
D.5	Spórt Éireann (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta)	163,054
D.6	Maoiniú as Ciste na gCuntas Díomhaoin do bhearta spóirt	7,975
D.7	Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála	-
D.8	Mórimeachtaí	3,200
	IOMLÁN	**203,163**
	Craoladh	
E.1	Riarachán – pá	1,464
E.2	Riarachán - neamhphá	466
E.3	Deontas do Raidió Telefís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin	197,645
E.4	Íocaíocht le An Post chun táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú	10,030
E.5	Deontas i leith Theilifís na Gaeilge	39,133
E.6	Ciste Craolacháin	21,777
E.7	Speictream RTE	512
	IOMLÁN	**271,027**
Ollchaiteachas san Iomlán		**927,063**
Leithghabháil i gCabhair		**234,462**
Glanchaiteachas san iomlán		**737,601**

Caiteachas caipitil in 2020

Clár	Réimse an Chláir	Caiteachas
Turasóireacht		**€46.551m**
	Fáilte Ireland	€1.050m
	Ciste Margaíochta Turasóireachta	€2.540m
	Forbairt Táirgí Turasóireachta	€42.961m
Na hEalaíona agus Cultúr		**€55.355m**
	Clár NCI	€3.552m
	Fís Éireann	€20.200m
	Bonneagar agus Forbairt Chultúrtha	€22.458m
	An Chomhairle Ealaíon	€2.045m
	Gaillimh Príomhchathair Chultúir na hEorpa	€7.100m
Gaeltacht/Teanga		**€15.790m**
	Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta	€1.673m
	Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge	€0.842m
	Údarás na Gaeltachta	€13.275m
Spórt		**€29.826m**
	Cláir Chaipitil Spóirt	€26.171m
	Campas Spórt Éireann	€2.297m
	Bearta Spóirt Eile	€1.358m
Na Meáin		**€3.512m**
	Teilifís na Gaeilge	€3.000m
	Speictream RTE	€0.512m
Riarachán		**€0.693m**
	Trealamh Oifige	€0.693m
	Iomlán	**€151.7m**

Aguisín 3: Ráiteas Cothromaíochta Inscne do Bhoird Stáit

Tháinig aon Bhord Stáit is fiche faoi shainchúram na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, agus Spóirt & Meán faoi dheireadh 2020, ocht mBord Stáit breise san áireamh a tháinig faoi shainchúram na Roinne seo tar éis feidhmeanna a aistriú, lena n-áirítear;

- Údarás Craolacháin na hÉireann;
- Coiste Comhlíonta ÚCÉ
- Coiste Dámhachtainí Conartha BAI;
- Fáilte Éireann
- RTÉ;
- Spórt Éireann;
- TG4;
- Turasóireacht Éireann.

In 2020, rinneadh 43 ceapachán, mná a bhí i 51% díobh agus fir a bhí i 49% díobh. Ba é an meán-chothromaíoch inscne i mballraíocht sheirbhíseach na mBord Stáit seo amhail an 31 Nollaig 2020 ná 50% fir agus 50% mná. Ar an iomlán, chomhlíon nó sháraigh 16 nó 76% de na Boird sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% de gach inscne i mballraíocht sheirbhíseach gach Boird Stáit.

Aibhsítear i nósanna imeachta inmheánacha do cheapacháin ar Bhoird Stáit Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, lena n-áirítear cothromaíocht inscne, mar ghnéithe bhunthábhachtacha do Rannáin Líne agus do Bhoird Stáit agus iad ag ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar fholúntais.

Ballraíocht an Bhoird Stáit an 31 Nollaig 2020

Boird Stáit	Líon na bPostanna	Baill Boird Mná	Baill Boird Fir	Iomlán	Mná %	Fir %	Folúntais Reatha
An Chomhairle Ealaíon	13	6	7	13	46%	54%	0
Údarás Craolacháin na hÉireann	9	5	4	9	56%	44%	0
Coiste Comhlíonta ÚCÉ	8	4	3	7	57%	43%	-1
Coiste Dámhachtainí Conartha ÚCÉ[2]	8	3	2	5	60%	40%	-3
Gailearaí Ealaíne Crawford	12	8	4	12	67%	33%	0
Fáilte Ireland[1]	13	3	7	10	30%	70%	-3
Foras na Gaeilge[3]	16	7	8	15	47%	53%	-1
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann[1]	20	7	7	14	50%	50%	-6
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann[1]	12	6.	5	11	55%	45%	-1
An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta	12	5	7	12	42%	58%	0
An Ceoláras Náisiúnta[1]	9	4	4	8	50%	50%	-1
Dánlann Náisiúnta na hÉireann[1]	17	9	7	16	56%	44%	-1
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann [1]	12	4	2	6.	67%	33%	-6
Ard-Mhúsaem na hÉireann	16	10	6.	16	63%	38%	0
RTE[4]	12	4	4	8	50%	50%	-4
Fís Éireann[1]	7	4	0	4	100%	0%	-3
Spórt Éireann[1]	13	3	7	10	30%	70%	-3
TG4	12	6	6	12	50%	50%	0
Turasóireacht Éireann	13	5	8	13	38%	62%	0
Údarás na Gaeltachta	12	4	8	12	33%	67%	0
Gníomhaireacht na hUltaise[3]	8	1	3	4	25%	75%	-4
Iomláin	**254**	**109**	**111**	**220**	**50%**	**50%**	-38

1. Cuireadh tús le próiseas PAS / próiseas PAS ar feitheamh chun aghaidh a thabhairt ar fholúntais atá ann cheana
2. Ceapachán ar feitheamh tar éis an phróisis PAS
3. Ceapacháin Thuaidh Theas ar feitheamh
4. Ainmniúcháin JOC ar feitheamh